An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais,
Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta
Department of Further and Higher Education,
Research, Innovation and Science

Tuarascáil Bhliantúil 2021

An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

Clár an Ábhair

Réamhrá leis an Aire **3**
Réamhrá leis an Aire Stáit 4
Réamhrá leis an Ard-Rúnaí 5
Ár Misean **6**
Ar Spriocanna Straitéiseacha **7**
#Daoine Cumasacha **8**
Printíseacht 8
Breisoideachas agus Oiliúint 8
Earnáil an Ardoideachais 9
Plean Gníomhaíochta do Phrintíseachtaí 10
Scileanna 11
Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 11
#Nuálaíocht **12**
Caipiteal 12
Aeráid 13
Earnáil an Ardoideachais 14
Taighde 14
An Clár Oibre Ollscoile Teicneolaíochta 15
Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 17
#Ionchuimsiú **18**
Cothromas Rochtana 18
Toiliú in Institiúidí Ardoideachais 19
Breisoideachas agus Oiliúint 20
Comhionannas Inscne 20
Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 21
Rannpháirtíocht an Phobail in 2021 22
Cruthaímis i dteannta a Chéile ár dTodhchaí 23
#Idirnáisiúnta **24**
AE 24
Tuaisceart/Deisceart – Oirthear/Iarthar 25
Taighde 25
COVID 19 27
#Rialachas **28**
Earnáil an Ardoideachais 28
Bille an Údaráis um Ardoideachas 29
 # Inniúlacht **30**
Oifig an Aire 30
Oibriú Trasrialtais 34
Dualgas na hEarnála Poiblí 35
Aonad Airgeadais na Roinne 36
Iarscríbhinn **37**
Comhlachtaí Neamhthráchtála Faoi Choimirce na Roinne 37
Cothromaíocht Inscne ar Bhoird Stáit 37
Tuairisciú Faoi Sholáthar ar Bhealach atá Poiblí agus Neamhdhíobhálach don Timpeallacht 38

Réamhrá

An tAthair Simon Harris

Is mór agam foilsiú na chéad tuarascála bliantúla don Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. B'obair spreagúil thairbheach dom é a bheith i gceannas ar Roinn nua-bhunaithe. Ag léamh siar dom ar thuarascáil bhliantúil 2021 is léir go raibh athrú ó bhonn mar thoradh ar ár obair san earnáil agus go raibh fiúntas ag baint leis an gcaoi ina ndeachaigh sí i bhfeidhm ar shaol na bhfoghlaimeoirí de gach aois agus i ngach céim den saol.

Is uaillmhianach an clár oibre atá leagtha againn amach sa ráiteas straitéise. Is athrú córasach atáimid ag iarraidh a chur i bhfeidhm agus é mar bhunchloch na sochaí. Athrú lena mbeidh teacht éasca ag cách ar fhoghlaim dáiríre píre ar bhealach comhdhlúite ag gach céim den saol. Tógfaidh sé go leor ama chun na spriocanna uaillmhianacha seo a bhaint amach ach léiríonn an tuarascáil seo go bhfuil méid dochreidte bainte amach cheana féin agus go bhfuil an bealach réitithe don oiread sin rudaí eile sna blianta amach romhainn

Ná déanaimis dearmad gur bhliain eile ab ea 2021 ina raibh tionchar COVID-19 go mór le brath. Agus caithfidh mé buíochas a ghabháil leis an bhfoireann agus leis na mic léinn sna hinstitiúidí go léir a thagann faoi scáth na Roinne as cé chomh géarchúiseach agus dúthrachtach is a bhí siad i mbun seirbhís riachtanach a sholáthar le linn tréimhse fíorchorraithe. Maidir leis na héachtaí móra a thugtar eolas fúthu sa cháipéis seo, níorbh fhéidir iad a bhaint amach in aon chor murach an misneach a léirigh na múinteoirí, na mic léinn, agus na riarthóirí sna hinstitiúidí seo agus ar ndóigh, an fhoireann thar a bheith tiomanta i mo Roinn féin. Maidir leis an Roinn seo, beidh sí i gcroílár na hoibre i gcónaí chun téarnamh na tíre a chur ar bun tar éis na géarchéime COVID-19 agus ó thaobh daoine a ullmhú do shaol na hoibre mar a bheidh sé amach anseo. Le ceannasaíocht agus tacaíocht uainne, féadfar deimhin a dhéanamh de go mbeidh na scileanna ag daoine atá de dhíth chun dul in oiriúint do bheith ag maireachtáil agus ag oibriú go hinbhuanaithe i ndomhan atá ag éirí níos domhandaithe, níos digití agus níos uathoibríche.

Ós rud é gurb í an chéad bhliain í ina raibh Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta ag feidhmiú ó cheann ceann na bliana, ba bhliain chinniúnach í 2021 inar socraíodh an treo ina ngabhfaidh ár gclár oibre. Táim an-bhródúil as Roinn a bhfuil an oiread sin tábhachta ag baint léi a threorú agus a bhfuil foireann dhúthrachtach den scoth ag obair inti agus táim ag tnúth cheana féin lena mbeidh sna blianta amach romhainn.

Simon Harris T.D.,

An tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

Réamhrá

Aire Stáit Niall Collins

Mar an Aire Stáit um Breisoideachas agus Scileanna, fáiltím roimh thuarascáil bhliantúil 2021 na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

Baineadh amach sprioc thábhachtach nuair a cuireadh an Roinn ar bun agus é mar aidhm ag an am aitheantas a thabhairt do thiomantas an Rialtais d'ardoideachas, breisoideachas agus scileanna a fhorbairt ar bhonn leanúnach, agus is léir ó na héachtaí a tharraingítear aird orthu sa tuarascáil seo gurbh fhiú an t-aitheantas sin a thabhairt.

Leagtar amach sa Tuarascáil seo an obair nach beag a rinne an Roinn i gcaitheamh 2021, agus an ghéarchéim COVID-19 ag dul ar aghaidh sa chúlra le linn an obair seo go léir a dhéanamh. Chuir an phaindéim isteach go mór ar gach gné dár saol; conas a fhoghlaimímid, conas a oibrímid agus go deimhin stádas fostaíochta mórán daoine sa tír. Bhí obair na Roinne mar a thuairiscítear í sa tuarascáil seo agus go háirithe chomh fada agus a bhaineann sí le breisoideachas agus scileanna ina dlúthchuid d'fhreagairt iomlán an Rialtais i leith na ndúshlán seo. Maidir leis na hiarrachtaí leanúnacha atá ar bun againn chun oideachas ar ardchaighdeán agus deiseanna uasoiliúna is athoiliúna a chur ar fáil do gach duine ar feadh a saoil, déanaimid é seo lena chinntiú nach bhfágfar aon duine ar an trá fholamh i ngeilleagar agus i saol oibre atá ag athrú ar luas lasrach agus ina bhfuil gá níos mó agus níos mó ann féinfhorbairt a dhéanamh d'fhonn coimeád suas leis na bunriachtanais.

Ba mhór an sásamh é plé a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara agus tionchar obair na Roinne seo a fheiceáil go pearsanta. In 2021, mar shampla, bhí mé in ann baint amach garsprice a cheiliúradh nuair a bhain an 1000ú printíseach mná a chéim amach. Is den ríthábhacht é díriú ar phrintíseachtaí a leathnú d'fhonn deiseanna breisoideachais agus oiliúna a oscailt do chách, agus réimse éagsúil solúbtha de bhealaí a chur ar fáil ar an gcaoi sin ar mhaithe le tacú le foghlaim ar feadh an tsaoil agus lena chinntiú go bhforbróimid na scileanna atá de dhíth ar gheilleagar ár dtíre.

Niall Collins, T.D.,

An tAire Stáit um Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

Réamhrá

An tArd-Rúnaí Jim Breslin

Ba í 2021 an chéad bhliain iomlán i mbun feidhme don Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus d'fhoilsigh an Roinn a céad tuarascáil bhliantúil i mbliana dá réir.

Tá ár Ráiteas Straitéise 2021-23 mar bhonn ag an tuarascáil. Leagann an Straitéis sin ár spriocanna amach agus is iad na spriocanna sin ná Daoine Cumasacha, Nuálaíocht, Ionchuimsiú, Idirnáisiúnta, Rialachas agus Acmhainn agus treoirmhisean c*hun córas breisoideachais agus ardoideachais agus taighde na hÉireann a fhorbairt ar mhaithe le tacú le daoine barr a gcumais a bhaint amach agus fiúntas, rathúnas, teacht aniar a chruthú chomh maith le sochaí aontaithe inbhuanaithe agus bhríomhar a chothú.* Baineadh feidhm as gach ceann de na beartais, tionscnaimh agus straitéisí a bhfuil cur síos orthu sa tuarascáil seo chun tacú leis an misean seo agus tá áthas orm a thabhairt faoi deara gur éirigh linn an clár oibre uaillmhianach seo a chur chun cinn.

Tharla dul chun cinn nach beag in earnáil an Bhreisoideachas agus Oiliúna (BOO) Toisc gur cuireadh roghanna BOO leis an CAO bhí fágálaithe scoile in ann réimse iomlán na roghanna a fheiceáil den chéad uair, agus léiríonn an líon is airde riamh de chlárú printíseachtaí in 2021 cé chomh mór agus a chuaigh an Plean Gníomhaíochta do Phrintíseachtaí i bhfeidhm. Is tosaíocht amach is amach don Roinn é forbairt na nOllscoileanna Teicneolaíochta agus ba bhliain thábhachtach í 2021 ó tharla cúig Ollscoil Teicneolaíochta a bheith curtha ar bun faoi am sin gus a cion féin á dhéanamh go réigiúnach agus go náisiúnta ag gach ceann acu. D'fhoilsíomar Bille an Údaráis um Ard-Oideachas a dhéanfaidh, nuair a bheidh sé críochnaithe, foráil do na hathchóirithe rialachais is suntasaí laistigh den earnáil ardoideachais le caoga bliain. Rinneadh infheistíochtaí láidre i dtírdhreach taighde na hÉireann le linn 2021 freisin ag tacú ar an gcaoi sin ní hamháin lenár dtaighdeoirí agus nuálaithe ach freisin ag cur leis an mbonn fianaise faoi shaincheisteanna tábhachtacha amhail athrú aeráide.

Ba bhliain í 2021 freisin inar tharla athruithe eagraíochtúla nach beag sa Roinn. Le linn na n-athruithe sin rinneamar ár ndícheall cultúr ionchuimsitheachta agus comhoibrithe a chothú, go hinmheánach agus lenár bpáirtithe leasmhara seachtracha. Ba léir é seo inár struchtúir inmheánacha agus cruthú beartas. Bhí ár gcomhghleacaithe thar a bheith uaillmhianach agus thapaigh siad an deis le Roinn nua agus le Ráiteas Straitéise nua chun feabhsuithe a bhaint amach d'fhoghlaimeoirí, do thaighdeoirí agus don tír ina hiomláine.

Jim Breslin

An tArd-Rúnaí

Ár Misean

Córais bhreisoideachais, ardoideachais agus taighde na hÉireann a fhorbairt le go dtacóidh siad le daoine ó thaobh barr a gcumais a bhaint amach mar aon le fiúntas, rathúnas agus teacht aniar a chruthú agus sochaí atá níos aontaithe, inbhuanaithe agus níos bríomhara a chothú.

Ar Spriocanna Straitéiseacha

#daoine cumasacha – daoine cumasacha agus scileanna a chothú

Obair i gcomhar le hinstitiúidí oideachais, le fostóirí agus le daoine eile chun na buanna agus na scileanna atá de dhíth a shainaithint agus oideachas is oiliúint a sholáthar, cumas a chothú agus cabhrú le daoine a bheith rannpháirteach agus cur lenár ngeilleagar agus lenár sochaí.

#nuálaíocht – taighde, eolas, agus nuálaíocht a chur chun cinn

Cur chuige uile-Rialtais a threorú i leith teacht ar chomhaontú maidir le straitéis, an creat institiúideach, agus an infheistíocht atá de dhíth chun taighde agus nuálaíocht bhunúsach agus fheidhmeach a chur chun cinn, bunaithe ar obair as lámha a chéile idir fiontair, institiúidí oideachais, agus an tsochaí i gcoitinne, in Éirinn agus níos faide i gcéin.

#ionchuimsiú – ag tacú le foghlaim do chách

Tacaíochtaí agus deiseanna foghlama a sholáthar do chách sa chaoi is go gcuirtear riachtanais foghlaimeoirí leochaileacha san áireamh agus na daoine a bhfuil an imeallú is mó déanta orthu, chomh maith le cabhrú le daoine teacht ar ardoideachas,breisoideachas is oiliúint agus a mbealach a dhéanamh tríd i dtreo is go n-éireoidh pobail níos rathúla agus go neartófar comhtháthú sóisialta.

#idirnáisiúnta – éirí linn ar an stáitse domhanda

Éire a chur chun cinn go domhanda mar gheilleagar eolasbhunaithe ceannródaíoch ina bhfuil béim ar scileanna agus ar nuálaíocht agus mar cheannaire san ardoideachas agus taighde, agus í ag dul i neart ar bhonn uile-oileánda agus Thoir/Thiar, laistigh den AE agus níos faide i gcéin mar thír atá in ann daoine cumasacha a mhealladh ó gach cearn den domhan go córas oideachais idirnáisiúnta na hÉireann fad is atá Éire a ullmhú do dhul san iomaíocht ar an ardán domhanda.

#rialachas – dea-rialachas chun cáilíocht a fheabhsú

Nuachóiriú na hearnála a chur chun cinn, múnla maoinithe inbhuanaithe a chur i bhfeidhm agus rialachas a fheabhsú, chun obair ar ardchaighdeán a spreagadh agus lena chinntiú go mbaintear feidhmíocht shármhaith amach.

#inniúlacht – Roinn atá ‘oiriúnach don fheidhm atá léi’

A chinntiú go bhfuil na hacmhainní ríthábhachtacha agus an saineolas ag an Roinn chun ár Misean agus ár Spriocanna a sheachadadh agus a bheith i bhfeidhm, agus sinn ag tacú lenár bhfoireann cumas aonair agus cumas i dteannta a chéile a fheabhsú a thuilleadh chomh maith le bonn a chur faoi fheidhmíocht shármhaith.

.

#daoine cumasacha – daoine cumasacha agus scileanna a chothú

Obair i gcomhar le hinstitiúidí oideachais, le fostóirí agus le daoine eile chun na buanna agus na scileanna atá de dhíth a shainaithint agus oideachas is oiliúint a sholáthar, cumas a chothú agus cabhrú le daoine a bheith rannpháirteach agus cur lenár ngeilleagar agus lenár sochaí.

Printíseacht

Seoladh an **'Plean Gníomhaíochta do Phrintíseachtaí 2021-2025'** i mí Aibreáin 2021, ina ndearnadh anailís ar thuairimí breis is 400 comhpháirtí agus 3,750 printíseach mar aon le comhairliúchán leanúnach le páirtithe leasmhara iomadúla. Leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta straitéis cúig bliana chun an gealltanas sa Chlár Rialtais a chomhlíonadh 10,000 printíseach nua a chlárú in aghaidh na bliana faoi 2025. Is treochlár é an plean i dtreo córas printíseachta aonair agus tacaíochtaí nua d'fhostóirí agus do phrintísigh. Tá forléargas níos cuimsithí ar chur le chéile an Phlean Gníomhaíochta le fáil sa chás-staidéar thíos.

Bhí an líon is airde de **chlárú printíseach ann in 2021, ag 8,607** – méadú a bhí ní b'fhearr ná a bhíothas ag súil leis maidir le teacht aniar a dhéanamh ó líon na gclárúchán in 2020 ar chuir COVID-19 isteach go mór orthu agus ina bhfuil méadú beagnach 40% ar fhigiúirí 2019 le sonrú iontu, an bhliain dheireanach roimh an bpaindéim. Cuireadh tús le trí chlár printíseachta nua in 2021: Scafláil, Innealtóir Córais Trealaimh agus Ardchleachtóir Cúntóra Cúraim Sláinte.

Chun tacú leis na méaduithe sin, leathnaíodh an **Scéim Dreasachta Printíseachta** go Nollaig 2021. Chuir an Scéim deontas de €3000 ar fáil thar dhá bhliain chun tacú le fostóirí a ghlacann agus a choinníonn printísigh, agus thacaigh sí le dlús a chur arís le clárú printíseach ar chuir na bearta freagartha i leith COVID-19 moill air.

Breisoideachas agus Oiliúint

Ós rud é gur cuireadh **roghanna breisoideachais agus oiliúna ar shuíomh gréasáin an CAO** d'fhág sé sin go raibh réimse iomlán roghanna ar fáil do lucht fágála scoile agus bhí iarratasóirí eile le feiceáil le chéile den chéad uair. Bhí suíomh gréasáin nuashonraithe na Lár-Oifige Iontrála (CAO) beo do phróiseas iarratais 2022 den chéad uair ar 5 Samhain 2021. Dearadh an tionscnamh seo ar bhealach a tharraingíonn aird ar roghanna BOO d'fhágálaithe scoile agus chun tacú le cothromaíocht níos fearr a bhaint amach idir an tArdoideachas agus BOO ar mhaithe le córas treasach aontaithe a thógáil. Tugadh breis agus 7,000 cuairt suímh gréasáin ar fetchcourses.ie agus thart ar 14,000 cuairt suímh gréasáin ar apprenticeship.ie faoi thús 2022

Fuarthas maoiniú faoin bPlean Náisiúnta um Théarnamh agus um Theacht Aniar do **Fhreagairt Scileanna a Chothú Mar Thaca do Téarnamh de chuid SOLAS** €114m lena n-áirítear Scileanna chun Dul san Iomaíocht, gníomhachtú BOO agus freagairt scileanna dóibh siúd ar chuir Paindéim COVID-19 isteach orthu chomh maith le Clár Gníomhaíochta Scileanna Glasa de chuid SOLAS. Is é Scileanna chun Dul san Iomaíocht an príomháis anois san earnáil BOO dóibh siúd nach bhfuil i bhfostaíocht ar mian leo uasoiliúint/athoiliúint a dhéanamh trí bhíthin cúrsaí bunaithe ar thrí phríomhthosaíocht: na scileanna riachtanacha atá de dhíth ar ionaid oibre nua-aimseartha a shásamh; scileanna digiteacha láidre a chothú; agus na sainscileanna gairme a fhorbairt chun deiseanna a thapú in earnálacha agus i slite beatha atá borradh fúthu. Cláraíodh 13,400 duine i gcúrsaí Scileanna le Críochnú in 2021.

An Cúrsa Ceart – seoladh tairseach nua ar líne in 2021 d'aon duine atá ag iarraidh uasoiliúint nó athoiliúint a dhéanamh. Is suíomh gréasáin ionad ilfhreastail é An Cúrsa Ceart do ghnólachtaí,

d'fhostaithe nó do dhaoine dífhostaithe agus leagann sé amach na roghanna breisoideachais agus ardoideachais is oiliúna atá ar fáil dóibh. D'fhéadfadh cúrsa gearr páirtaimseartha a bheith i gceist le seo, nó cúrsa do dhuine fostaithe cheana féin ach gur mian leo scileanna nua a fhoghlaim, nó cúrsa atá cabhrach ó thaobh bheith mar chuid den lucht saothair arís, mar aon le roghanna a chabhróidh le d'fhoireann dul i mbun foghlama, nó roghanna maidir le filleadh ar an tríú leibhéal. Mar chuid de seo tá eolas ón Roinn Coimirce Sóisialaí maidir le teidlíochtaí agus tacaíochtaí d'fhoghlaimeoirí.

	Aschuir	Sprioc	Seachadta	100%
1	Líon na bhfoghlaimeoirí le Skillnets	76,000	**77,863**[1]	102.5%
2	Líon na bhfoghlaimeoirí le Skillnets á uasoiliúint atá dífhostaithe	5,000	**5,620**[1]	112.4%
3	Líon na n-áiteanna ar Springboard atá ar fáil	N/B	**12,957**	N/A
4	Daoine atá cláraithe ar phrintíseacht	21,000	**24,212**	115.3%

	Tionchair	2021	2020	2019
1	Líon na dtairbhithe maidir le cúrsaí oiliúna SOLAS dóibh siúd atá ag cuardach fostaíochta	78,502	67,410	55,349
2	Líon na mac léin ar chúrsaí Iar-Ardteistiméireachta (IAT)	Níl sé seo ar fáil go fóill	51,059	53,842
3	Líon na soláthróirí breisoideachais agus oiliúna gníomhacha atá cláraithe le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI)	251	267	319

Earnáil an Ardoideachais

D'fhonn freastal ar an éileamh breise ar áiteanna tríú leibhéal a tharla mar gheall ar bhrú cothaithe ag COVID 19, **cruthaíodh 4620 áit bhreise don bhliain acadúil 2021/22** lena n-áirítear 3,320 áit ar chúrsaí áirithe in Institiúidí Ardoideachais (IOAanna) agus 1300 áit bhreise i réimsí príomhscileanna faoi Chrann Taca 2 den Tionscnamh um Chaipiteal Daonna.

Is é príomhchuspóir Springboard+ 2021 agus an Tionscnamh um Chaipiteal Daonna ná taca a chur faoi acmhainn breise ar fud na hEarnála Ardoideachais ar mhaithe le freastal ar na riachtanais scileanna is tábhachtaí atá ag fiontraíocht. Cuireann na cláir cúrsaí saor in aisce agus a bhfuil fóirdheonú suntasach déanta orthu ar fáil ag leibhéal an teastais, na céime, agus na máistreachta, cúrsaí a réiteoidh an bealach do cháilíochtaí a bhaint amach i réimsí ina bhfuil deiseanna fostaíochta ar fáil sa gheilleagar. Sholáthair Springboard+ 2021 12,743 áit ar 330 cúrsa. **Mar thoradh ar mhaoiniú ilbhliantúil ar chúrsaí tiontaithe iarchéime, bhí 14,947 áit san iomlán i 408 cúrsa a bhí ar fáil sa bhliain acadúil 2021/22 faoi Springboard+ 2021 agus Chrann Taca CD 1.**

	Aschuir	Sprioc	Seachadta	100%
1	Líon na mac léinn ardoideachais lánaimseartha	201,482	**199,623**	99.1%
2	Líon na mac léinn fochéime	174,710	**172,730**	98.9%
3	Líon na mac léinn iarchéime	26,772	**26,893**	100.5%

	Tionchair	2021	2020	2019
1	Ráta dífhostaíochta – Oideachas tríú leibhéal an leibhéal is airde oideachais	4.3%	3.1%	2.8%
2	Líon na mac léinn atá ag fáil tacaíochta i bhfoirm deontas (fochéime, iarchéime agus IAT)	74,873[2]	71,399[3]	74,588[4]
3	Líon na dtaighdeoirí iarchéime (taighdeoirí lánaimseartha agus páirtaimseartha, taighdeoirí Máistreachta agus PhD)	N/B	11,199	10,529
4	Líon na rolluithe ar Springboard	10,999[1]	14,379	9,839

Plean Gníomhaíochta do Phrintíseachtaí

Trasnaíonn printíseacht teorainneacha agus droichead á soláthar aici idir foghlaim san ionad oibre agus cáilíochtaí a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta acu a bhaint amach, fad is a chabhraíonn sí le hidirdhealuithe a bhriseadh síos idir na córais bhreisoideachais is oiliúna agus ardoideachais d'fhoghlaimeoirí, agus an bealach á réiteach ar an gcaoi sin chuig fíorchóras treasach a sheachadann réimse deiseanna a oireann do stíleanna éagsúla foghlama agus don iliomad rudaí a mbíonn spéis ag daoine iontu.

Tá an phrintíseacht freagrúil do na rudaí a bhfuil tús áite acu ó thaobh forbartha náisiúnta de agus scileanna, agus seachadann sí daoine cumasacha atá réidh don obair. Tá uasoiliúint agus athoiliúint mar thosaíocht ag an Rialtas chun téarnamh cuimsitheach a chothú agus chun tacú leis na haistrithe digiteacha agus glasa, príomhghealltanais sa Chlár Rialtais.

Seoladh an *Plean Gníomhaíochta um Printíseacht 2021-2025* i mí Aibreáin 2021. Tá sé mar aidhm aici córas a chur i bhfeidhm a bhainfidh cothromaíocht níos fearr amach i measc lucht printíseachta, trí struchtúr rialachais agus comhpháirtíochta a chinntíonn go bhfuil guth an phrintísigh i gcroílár na printíseachta agus go bhfuil struchtúir fheabhsaithe rialachais agus maoinithe i bhfeidhm chomh maith le tacaíochtaí d'fhostóirí agus socruithe oibríochtúla soiléire ann. Tríd is tríd, tá na hathruithe dírithe ar 10,000 printíseach nua a chlárú in aghaidh na bliana faoi 2025 – sprioc gurb ionann í agus méadú 62% ar fhigiúirí 2019. Is san earnáil phoiblí a bheidh 750 ar a laghad de na poist seo.

Tá sé mar aidhm ag an bPlean Gníomhaíochta seo córas aonair a sholáthar don todhchaí a dhéanann forbairt ar láidreachtaí seanbhunaithe na printíseachta ceardaíochta agus a chuireann san áireamh an méid a foghlaimíodh ó na cúig bliana ina raibh printíseachtaí faoi stiúir cuibhreannas sa tír seo. Is tráthúil mar a thagann an Plean ar an bhfód freisin agus é forbartha le linn thréimhse na géarchéime Covid-19 a chuir isteach go mór ar phrintíseachtaí ceardaíochta a sheachadadh, chomh maith le tionchar a bheith aici ar phrintísigh in earnálacha amhail fáilteachas.

Tá an Plean múnlaithe go mór freisin ag aiseolas ó pháirtithe leasmhara; os cionn 60 aighneacht scríofa, comhairliúchán inmheánach, agus suirbhé a ndearnadh ar gach uile phrintíseach cláraithe. Ina theannta sin, rinneadh suirbhé ar 340 GBM [Gnóthais Bheaga agus Mheánmhéide] chun tuiscint níos fearr a fháil ar dhearcadh gnólachtaí beaga ar phrintíseacht agus conas a d'fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin ar leith atá rompu agus iad ag gabháil do phrintíseacht.

Tá dul chun cinn follasach le sonrú cheana féin. Táthar ag dul i ngleic le riaráistí a bhaineann le Covid agus seoladh ocht gclár printíseachta nua i gcaitheamh 2020 agus 2021, rud a thug líon iomlán na gclár atá ar fáil go 62 agus a chuidíonn le dul i ngleic le réimsí in bhfuil an-ghanntanas scileanna iontu.

Tá an Rialtas i mbun féachaint chuige freisin go ndéanann an tseirbhís phoiblí a cion ó thaobh deiseanna printíseachta seirbhíse poiblí ar ardchaighdeán a sholáthar, rud a chuirfidh bonn faoin athchóiriú ar ár seirbhís phoiblí atá ag dul ar aghaidh go fóill. Maidir le príomhghníomh eile ón bPlean Gníomhaíochta, leagfaidh sé amach plean earcaíochta printíseachta don sheirbhís phoiblí d'fhonn gealltanas a chomhlíonadh go mbeidh 750 printíseach a chlárú in aghaidh na bliana ar fud na seirbhíse poiblí.

Faoi 2025, beag beann ar an earnáil, beidh printíseachtaí ina rogha soiléir do dhaoine atá ar thóir gairmeacha nua, cáilíochtaí, nó roghanna maidir le filleadh ar an obair ar fud gach réimse den gheilleagar. Beidh printíseachtaí i gcroílár an chomhrá agus fostóirí ag iarraidh teacht ar bhealaí nua chun baill foirne a earcú.

– ***Comhpháirtíocht Bheartais Phoiblí agus Phrintíseachta***

Scileanna

Comhaontaíodh **Comhaontú Scileanna** nua idir gnólachtaí agus an Roinn chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais daoine a bhfuil cáilíochtaí ísle nó gan cháilíochtaí ar bith acu, agus é mar aidhm deimhin a dhéanamh de nach fágtar ar lár iad maidir le fostaíocht. Rinne an Comhaontú machnamh ar conas is féidir leis an rialtas tacú le fiontair agus oibrithe sna fiontair sin scileanna nua a fháil. Leanadh ar aghaidh ó thaobh an Comhaontú a fhorbairt trí chomhráite Chomhairle Náisiúnta Scileanna a bhí idirghníomhach agus dinimiciúil.

In 2021 rinneadh forbairt leanúnach ar **struchtúr na bhfóram Scileanna Réigiúnacha**, le comhtháthú treisithe ar léargais réigiúnacha agus tuarascálacha faoi bheartas ar leibhéal náisiúnta agus ar chomhordú níos doimhne a chothú idir Bainisteoirí na bhfóram Scileanna Réigiúnacha. Mar sheift chun aird a tharraingt ar na forbairtí seo, seoladh feachtas fógraíochta a leag béim ar gach a bhfuil Scileanna Réigiúnacha in ann a thairiscint do ghnóthais idir bheag agus mhór.

D'fhonn tacú a thuilleadh le riachtanais na fiontraíochta fad is a dhéantar forbairt ar iadsan ar mian leo uasoiliúint nó athoiliúint a dhéanamh, forbraíodh in 2021 **cláir nua scileanna chun tacú leis an earnáil fáilteachais agus turasóireachta.** D'fhonn freastal ar riachtanais na hearnála agus i gcomhpháirtíocht le SOLAS, Boird Oideachais agus Oiliúna, Cónaidhm Óstáin na hÉireann agus Fáilte Éireann, forbraíodh cláir amhail Forbairt Ceannairí i réimse an Fháilteachais agus na Turasóireachta agus é mar aidhm ag na cláir seo scileanna uasoiliúint a chur ar cheannairí foirne agus foireann maoirseachta ar fud na hÉireann i réimsí ríthábhachtacha lena n-áirítear airgeadas agus bainistíocht daoine. Cuireadh oiliúint ar fhostaithe maidir le cúram custaiméirí, scileanna digiteacha, cumarsáid, pleanáil straitéiseach agus bainistíocht chomh maith le scileanna glasa agus inbhuanaitheachta.

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

Is í an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta an PhríomhRoinn do **Sprioc SFI 4.4** *"chun mhéadú mór a chur ar líon an aosa óig agus na ndaoine fásta a bhfuil scileanna ábhartha acu, lena n-áirítear scileanna teicniúla agus gairmoideachais, le haghaidh fostaíochta, poist mhaithe agus fiontraíocht a chothú"* agus is comhcheannaire í do **Sprioc SFI 4.7** *"A chinntiú, faoin 2030, go bhfaighidh gach foghlaimeoir an t-eolas agus na scileanna atá de dhíth chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear, i measc nithe eile, trí oideachas d'fhorbairt inbhuanaithe agus stíleanna maireachtála inbhuanaithe, cearta daonna, comhionannas inscne, cultúr na síochána a chur chun cinn. agus neamhfhoréigean, saoránacht dhomhanda agus meas ar an éagsúlacht chultúrtha agus ar an méid a chuireann an cultúr le forbairt inbhuanaithe".* Tugadh faoi chomhairliúchán poiblí maidir leis an Dara Straitéis Náisiúnta i leith Oideachais um Fhorbairt Inbhuanaithe in 2021**.** Glacfaidh an straitéis cur chuige foghlama ar feadh an tsaoil chuige agus tacóidh sí le baint amach Sprioc SFI 4.7 agus í ag déanamh deimhin de go bhfaighidh gach foghlaimeoir an t-eolas agus na scileanna atá de dhíth chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn agus dul i mbun gnímh ar son todhchaí agus pláinéid inbhuanaithe.

Tá dul chun cinn á ndéanamh maidir leis na spriocanna seo trí na bearta leagtha amach thús a chur i bhfeidhm.

#nuálaíocht – taighde, eolas, agus nuálaíocht a chur chun cinn

Cur chuige uile-Rialtais a threorú i leith teacht ar chomhaontú maidir le straitéis, an creat institiúideach, agus an infheistíocht atá de dhíth chun taighde agus nuálaíocht bhunúsach agus fheidhmeach a chur chun cinn, bunaithe ar obair as lámha a chéile idir fiontair, institiúidí oideachais, agus an tsochaí i gcoitinne, in Éirinn agus níos faide i gcéin.

Caipiteal

Mar chuid den **Phlean Forbartha Náisiúnta**, gheall an Roinn €2.9 billiún in 2021 do bhonneagar breisoideachais agus ardoideachais, taighde agus nuálaíochta, thar na tréimhse cúig bliana 2021-25. Sa chur chuige infheistíochta ina iomláine, tugtar tús áite do dhul chun cinn a dhéanamh maidir leis na spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh agus dícharbónaithe.

In 2021 cuireadh na gnéithe tosaigh de chlár caipitil BOO i bhfeidhm, lena n-áirítear an Deontas um Oibreacha Sláinte agus Sábháilteachta Éigeandála (DOSSÉ) a chur ar bun agus an Deontas Caipitil Printíseachta. Soláthraíodh maoiniú de €11.3m do 41 tionscadal caipitil, soláthraíodh €4.4 milliún do 51 iarratas ar mhaoiniú Printíseachta agus bronnadh an Deontas Oibreacha Cineachta/Mionoibreacha is mó riamh de €8 milliún thar 16 BOOanna. D'fhonn cabhrú le cláir nua BOO a sheachadadh, cuireadh grúpa oibre deartha ar bun dar teideal 'Coláiste BOO na Todhchaí' agus grúpa oibre 'SOLAS agus Caipiteal OOBÉ'.

Críochnaíodh an obair thógála ar **Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí Ghráinseach Ghormáin**, rud a réitigh an bealach chun 10,000 mac léinn a bhogadh chuig an gcampas nua. Nuair a osclaíodh campas OT Bhaile Átha Cliath Ghráinseach Ghormáin, bhí teacht anois ar thart ar 52,000 méadar cearnach de spás acadúil a d'fhéadfadh freastal ar 10,000 mac léinn agus 600 ball foirne. Lena chois sin, faomhadh €12 milliún de mhaoiniú Státchiste chun tacú le Mol Acadúil Ghráinseach Ghormáin.

Cuireadh tús le hoibreacha ar Bhloc K ag OT Atlantach (campas Shligigh) ar an láthair an 8 Iúil 2019 agus críochnaíodh iad go luath in 2021. Is cuid lárnach í an fhorbairt seo den mháistirphlean don OT Atlantach (campas Shligigh) agus tá críochnú Bhloc K ar an gcéad chéim d'uasghrádú suntasach ar an gcuid dheireanach de na foirgnimh champais atá fós ann ó na 1970idí. Tá maoiniú á chur ar fáil ag RBATNE faoin gCiste um Uasghrádú agus Athchóiriú Bonneagair.

Déanfaidh an infheistíocht chaipitil seo éascaíocht ar Acadaimh Ealaíon, Deartha agus Ailtireachta Yeats a bunaíodh le déanaí a chomhtháthú ar campas le gur féidir Mol Cruthaitheach an Champais Thuaidh a chruthú.

Aeráid

Comhaontaíodh céim nua den Chlár **Treo-Aimsitheoir Éifeachtúlachta Fuinnimh agus Dícharbónaithe** (TAÉFD) don earnáil ardoideachais, agus tháinig méadú ar líon na dtionscadal ó 8 go 16. Ina theannta sin, críochnaíodh anailís ar bhealaí dícharbónaithe don earnáil ardoideachais. Agus €3 milliún á fháil faoin gclár aici in 2020, mhéadaigh maoiniú RBATNE go €11 milliún in 2021. Is tábhachtach an beart gníomhaíochta aeráide é seo, a chuideoidh le hinstitiúidí ardoideachais dul ar aghaidh chuig spriocanna 2030 maidir le feabhsú 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh agus laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa. Leanfaidh an clár ar aghaidh ó thaobh cuir chuige éagsúla iarfheistithe a thástáil ar fhoirgnimh agus cuirfidh sé le méid na fianaise agus acmhainneacht san earnáil chomh maith le bonn eolais a chur faoi chinntí faoi chláir níos mó amach anseo.

I mí Aibreáin 2021, sheol an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Simon Harris, agus an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, Eamon Ryan **Réidh don Aeráid**, tionscnamh 5 bliana arna cheapadh ag Skillnet agus atá deartha chun gnólachtaí a ullmhú leis na scileanna a bheidh de dhíth orthu chun dul i ngleic le hathrú aeráide. Mar chuid de Réidh don Aeráid tá: oiliúint ar conas cur amú fuinnimh a laghdú, coigilteas costais a bhaint amach agus an timpeallacht a chosaint; an clár Maoirseachta Uisce a leathnú amach, clár a chuidíonn le gnólachtaí tomhaltas uisce a laghdú; cúrsaí ar líne atá deartha chun cabhrú le baill foirne ag gach leibhéal tuiscint a fháil ar an ról ríthábhachtach a bheidh ag a gcuid gníomhaíochtaí inbhuanaithe i bhfreagairt chomhroinnte na hÉireann ar ghníomhú ar son na haeráide agus sraith de chomhráite oideachasúla le saineolaithe, a roinnfidh an cleachtas is fearr ar ábhair a bhaineann le hinbhuanaitheacht.

Earnáil an Ardoideachais

Rinneadh dul chun cinn nach beag in 2021 maidir le hathchóiriú a dhéanamh ar thírdhreach an ardoideachais agus maidir le clár oibre na **nOllscoileanna Teicneolaíochta** a chur chun cinn agus iad ag feidhmiú mar phríomhchrainn taca do réigiúin inbhuanaithe. Tá deis ann athrú ó bhonn a dhéanamh ar an athchóiriú ar ardoideachas atá ar siúl maidir le tosaíochtaí straitéiseacha náisiúnta a sholáthar don ardoideachas, don taighde agus don fhorbairt réigiúnach a bhuí le OTanna. Bunaíodh dhá Ollscoil Teicneolaíochta in 2021; Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan agus Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne: Lár Tíre, An tIarthar Láir. Is féidir a thuilleadh eolais a fháil ar a mbunú sa chás-staidéar thíos.

Taighde

In 2021 réitigh RBATNE an bealach dá **Straitéis Taighde agus Nuálaíochta**. Rinne an Roinn próiseas cuimsitheach comhairliúcháin lena n-áirítear comhairliúcháin phoiblí agus plé a dhéanamh le páirtithe leasmhara.

Comhrá náisiúnta ar thaighde agus ar eolaíocht ab ea **Ár dTodhchaí a Chruthú**; agus é mar aidhm aige forbairt a dhéanamh ar thaighde agus eolaíocht a d'éirigh go maith leo sa chath i gcoinne COVID-19, agus é ag fiafraí den phobal conas is féidir linn Éire níos fearr a mhúnlú trí thaighde. Reáchtáladh sraith d'imeachtaí rannpháirtíochta poiblí a d'éirigh go maith leo ar fud na tíre ó mhí Iúil ar aghaidh, agus tugadh cuireadh do shaoránaigh a dtuairimí a roinnt ar an taighde atá á dhéanamh faoi láthair, a gcuid smaointe ar an treo ar cheart do na staidéir sin a dhéanamh, agus smaointe a roinnt maidir le deiseanna taighde eile atá le fiosrú fós. Fuarthasos cionn 18,000 aighneacht agus thacaigh an tsochaí shibhialta leis an bhfeachtas ar bhealach nach beag.

Rinneadh **infheistíocht nach beag** i Taighde agus sa Nuálaíocht in 2021. Fuarthas infheistíocht €225 milliún i mbreisoideachas agus ardoideachas agus taighde tríd an bPlean Náisiúnta um Théarnaimh agus um Theacht Aniar. Cuimsíonn an infheistíocht seo:

- Pacáiste suntasach scileanna le haghaidh uasoiliúna agus athoiliúint, dírithe ar oibrithe a ullmhú nach dócha go bhfillfidh a bpoist, lena n-áirítear béim ar aistriú go scileanna digiteacha agus clár nua Gníomhaíochta um Scileanna Glasa.
- Rinneadh €40 milliún a infheistiú sa Chiste um Ollscoileanna Teicneolaíochta a Chlaochlú ar mhaithe le hathchóirithe a bhrú chun cinn i bhforbairt scileanna réigiúnacha agus rannpháirtíocht fiontair, infrastruchtúr digiteach agus foirne tacaíochta a fhorbairt.
- Infheistíocht €71.6 milliún i gClár Náisiúnta taighde agus nuálaíochta um Dhúshláin Mhóra Náisiúnta a dhírigh ar an ngá atá le haistriú go geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de agus ar dhúshláin an aistrithe dhigitigh.

An Clár Oibre Ollscoile Teicneolaíochta

I gClár an Rialtais 2020 tugtar tús áite don ghealltanas chun clár oibre na n-ollscoileanna teicneolaíochta (OT) a chur chun cinn ar bhealach atá ag teacht le Tionscadal Éireann 2040 agus leis an gCreat Pleanála Náisiúnta. Is cabhair nach beag iad na hOTanna ó thaobh tosaíochtaí náisiúnta a sheachadadh i réimsí na rochtana ar ardoideachas agus teagasc is foghlaim atá taighde-threoraithe, scileanna agus fostaíocht a choinneáil agus a chruthú, chomh maith le tacú le fiontraíocht áitiúil agus orbairt réigiúnach a fheabhsú ar fud na tíre. Tá OTanna uathúil ó thaobh cláir ardoideachais a chur ar fáil ag gach leibhéal den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí, ó chúrsaí fochéime traidisiúnta lánaimseartha go céimeanna dochtúireachta, foghlaim obair-bhunaithe lena n-áirítear printíseacht, socrúchán oibre agus intéirneachtaí chomh maith le conairí páirtaimseartha, ar líne, cumaisc agus cianfhoghlama.

Spreagann OTanna cruthú eolais, nuálaíocht agus forbairt réigiúnach agus is iomaí tairbhe a thugann siad dá réigiúin agus dá gceantair máguaird lena n-áirítear méadú ar Infheistíocht Dhíreach Choigríche agus infheistíocht chaipitil, maoiniú taighde, aitheantas idirnáisiúnta chomh maith le mic léinn, baill foirne, fiontair, gnó agus an phobail a chumasú chun leas a bhaint as níos mó deiseanna ina gceantair féin fad is atá riachtanas réigiúnach ag cur dlús le dul chun cinn socheacnamaíochta.

Nuair a chuirtear OT ar bun caithfear próiseas atá leagtha síos sa reachtaíocht a leanúint, próiseas ina ndéanann painéal comhairleach idirnáisiúnta agus an Údarás um Ard-Oideachas measúnú mionchúiseach ar chumas dhá institiúid iarrthacha nó níos mó dianchritéir incháilitheachta a shásamh ó thaobh oideolaíochta, taighde agus rannpháirtíochta de sula n-iarrann an tAire faomhadh Oireachtais don OT nua.

Bunaíodh an chéad OT sa stát, OT Bhaile Átha Cliath, ar 1 Eanáir 2019 agus i mbliana thosaigh dhá OT nua ag feidhmiú. Ar 1 Eanáir rinneadh Institiúidí Teicneolaíochta Chorcaí agus Thrá Lí a lánscoireadh agus ina n-áit bunaíodh Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan thar sé champas sa Deisceart agus san Iardheisceart.

Ina dhiaidh sin, ar 1 Deireadh Fómhair dhún Institiúidí Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain agus Luimnigh a ndoirse agus tháinig an chéad Ollscoil Teicneolaíochta trasréigiúnach na Sionainne i gcomharbas orthu: Cuireadh Lár Tíre, An tIarthar Láir (TÚS) ar bun sa chaoi is go síneann sé thar sé champas i gceithre chontae.

-Ardoideachas, Beartas agus Athchóiriú

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar an gclár oibre beartais um **Thaighde Oscailte** (TO), lena n-áirítear dámhachtain a ullmhú de €1.725m tríd an ÚAO ar mhaithe le tacú le príomhthionscadail OR a chur i gcrích in 2022.

D'éirigh leis an Roinn méadú a fháil ar mhaoiniú Institiúid Náisiúnta Tyndall go €10 milliún faoi 2024, rud a chuirfidh ar a cumas iasacht chumasúcháin de €75 milliún BEI [an Banc Eorpach Infheistíochta] a tharraingt anuas chun a tionscadal leathnaithe a mhaoiniú.

Rinneadh €28 milliún a infheistiú i taighde ar mhaithe le tacú le taighdeoirí agus chun cur le hinniúlacht. I measc na dtionscnamh a fuair infheistíocht bhí an clár Imeallchríocha do Dhámhachtainí Comhpháirtíochta, a chuirfidh le hinniúlacht taighde laistigh d'Ollscoileanna Teicneolaíochta (OTanna) agus Institiúidí Teicneolaíochta (ITnna). Tá an clár oscailte do thograí taighde faoi stiúir OTanna nó ITnna, i gcomhar le comhpháirtithe ó earnáil na nOllscoileanna, agus méadóidh sé rannpháirtíocht gheografach agus rannpháirtíocht taighde ar fud na tíre fad is atá láidreachtaí uathúla an dá earnáil á bhforbairt aige.

I mí Eanáir 2021, fógraíodh gur tháinig méadú ó **€16,000 go €18,500 in aghaidh na bliana ar stipín iarchéime na Comhairle um Thaighde in Éirinn** agus mhéadaigh sí an maoiniú dá taighdeoirí iardhochtúireachta freisin. Cinntíonn na méaduithe sin nach mbíonn taighdeoirí atá maoinithe ag an gComhairle um Thaighde in Éirinn faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid le taighdeoirí in áiteanna eile sa chóras taighde. **Soláthraíodh €3.2m don Chomhairle um Thaighde in Éirinn** ar mhaithe le taighdeoirí go luath ina ngairmréim - tabharfaidh an maoiniú seo tacaíocht níos fearr do thaighdeoirí iarchéime agus iardhochtúireachta in Éirinn ar fud na ndisciplíní uile, agus rachaidh sé chun tairbhe go díreach do bheagnach 1,300 taighdeoir luathghairme ar fud an chórais ardoideachais agus taighde.

Fógraíodh infheistíocht €193 milliún i gcúig Lárionad Taighde FEÉ [Fondúireacht Eolaíochta Éireann] ar thús cadhnaíochta go domhanda ar feadh sé bliana i bhFeabhra 2021. Déanfaidh na cúig ionad taighde ar fheistí leighis cliste, r-shláinte, líonraí teileachumarsáide, cibearshlándáil, cathracha cliste, intleacht shaorga, eitic agus príobháideachas sonraí, chomh maith le geo-eolaíochtaí feidhmeacha, slándáil fuinnimh agus acmhainní mara. Oibreoidh na cúig ionad freisin chun ETIM [Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic] a chur chun cinn i measc an phobail i gcoitinne trí fhor-rochtain leathan oideachais agus rannpháirtíochta poiblí. Mar chuid den fhor-rochtain seo beidh campaí ríomhaireachta samhraidh, modúil oideachais meánscoile a fhorbairt, agus cláir chónaitheachta do scannánóirí, d'ealaíontóirí agus do mhúinteoirí chun obair i gcomhar a chothú idir taighdeoirí agus an pobal.

Ar an 25 Márta 2021, sheol an tAire Harris agus an Coimisinéir Eorpach Mariya Gabriel Fís Eorpach go hoifigiúil, an 9ú Creatchlár um Thaighde agus Nuálaíocht. Bhí dlúthbhaint ag RBATNE leis an gCoimisiún Eorpach chun Cláir Oibre a dhréachtú a dhéanann maoirseacht ar conas a chaithfear an maoiniú iomlán de €95.5 billiún. Chríochnaigh Éire go láidir sa chlár roimhe seo, Fís 2020, agus leanfaidh sí uirthi ó thaobh cur leis an rath leis. Ó mhí na Nollag 2021 i leith, ghnóthaigh taighdeoirí atá bunaithe in Éirinn €1.18 billiún i maoiniú iomaíoch AE i dteannta a chéile faoi Fhís 2020 ó 2014 i leith. Cuireann sé sin Éire ar an mbóthar ceart chun an sprioc de €1.25 billiún a leagadh amach den chéad uair sa straitéis náisiúnta Nuálaíochta 2020 a bhaint amach, a luaithe a dhéantar na figiúirí deiridh a shuimiú. Bhí Institiúidí Ardoideachais na hÉireann ríthábhachtach leis an éacht seo a bhaint amach nuair a d'éirigh leo €681 milliún nó 57.2% den iomlán a fháil. Cionroinneadh €306 eile ar GBMnna Éireannacha.

#nuálaíocht – taighde, eolas, agus nuálaíocht a chur chun cinn

I mí Lúil 2021 d'fhógair an Taoiseach agus an tAire Harris an **Clár Taighde Thuaidh-Theas ar fiú €40 milliún é +.** Arna chur ar fáil tríd an gCiste Oileán Comhroinnte agus á riar ag an Údarás um Ard-Oideachas na hÉireann, tacaíonn an infheistíocht le naisc idir institiúidí ardoideachais, taighdeoirí agus pobail taighde ar oileán na hÉireann a neartú.

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

Is í an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta an Roinn ceannais le haghaidh Sprioc SFI 9.5 chun 'Taighde eolaíoch a fheabhsú, inniúlachtaí teicneolaíochta na n-earnálacha tionsclaíocha i ngach tír a uasghrádú, go háirithe tíortha i mbéal forbartha, lena n-áirítear, faoi 2030, nuálaíocht a spreagadh agus líon na n-oibrithe taighde agus forbartha in aghaidh gach 1 mhilliún duine chomh maith le caiteachas poiblí agus príobháideach ar thaighde agus ar fhorbairt a mhéadú go mór.'

Tá an sprioc seo á cur chun cinn trí na bearta leagtha amach thús a chur i bhfeidhm.

	Aschuir	Sprioc	Seachadta	100%
1	Líon na gcuideachtaí atá ag comhoibriú go foirmiúil le taighdeoirí FEÉ	540	**665**	123.1%
2	Céatadán na mac léinn iarchéime agus iardhochtúireachta, arna maoiniú ag FEÉ, atá ag imeacht ón saol acadúil tar éis 6 bhliain	57%	N/B	N/B
3	PhDanna arna maoiniú ag FEÉ (sa bhliain)	140	**198**	141.4%
4	Mic léin iardhochtúireachta arna maoiniú ag FEÉ (sa bhliain)	120	**227**	189.2%
5	Scoileanna le Duaiseanna 'Discover Primary Science and Maths' le FEÉ	450	**335**	74.4%
6	Comhthionscnamh FEÉ/RTÉ – Meánaimsiú Lucht Féachana in aghaidh gach uaire clár	280,000	**238,000**	85.0%

	Tionchair	2021	2020	2019
1	Ollchaiteachas ar Thaighde agus Forbairt (OCTF) – mar chuid den OTN	€4,969m (measta)	€4,027m (measta) 1.63% (measta)	€4,373m (measta) 1,59% (measta)
2	Caiteachas gnó ar Thaighde agus Forbairt (CGTF)	€3,747m (measta)	€3,391m (measta)	€3,256m
3	Taighde agus Forbairt Ardoideachais (TFAO)	€1,046m (measta)	€1,039m (measta)	€952 (measta)
4	Comhaontuithe ceadúnais idir eagraíochtaí poiblí taighde	Níl sé seo ar fáil go fóill	197	210
5	Nochtuithe aireagán ó eagraíocht phoiblí taighde	Níl sé seo ar fáil go fóill	449	459
6	a.Ardréim na n-institiúidí taighde (Tuarascáil Dhomhanda Iomaíochais,142 tír an Fhóraim Eacnamaíoch Dhomhanda) b.Luanna Eolaíochta de réir foilseachán/rangaithe Dhomhanda (Clarivate InCities)	Níl sé seo ar fáil go fóill	a. n/b b.12	a.46 b.12

#ionchuimsiú – ag tacú le foghlaim do chách

Tacaíochtaí agus deiseanna foghlama a sholáthar do chách sa chaoi is go gcuirtear riachtanais foghlaimeoirí leochaileacha san áireamh agus na daoine a bhfuil an imeallú is mó déanta orthu, chomh maith le cabhrú le daoine teacht ar ardoideachas,breisoideachas is oiliúint agus a mbealach a dhéanamh tríd i dtreo is go n-éireoidh pobail níos rathúla agus go neartófar comhtháthú sóisialta.

Cothromas Rochtana

Osclaíodh comhairliúchán poiblí chun bonn eolais a chur faoin gcéad Phlean Náisiúnta eile do Chothromas Rochtana ar an Ardoideachas i mí Aibreáin 2021. Maidir le cothromas rochtana ar an ardoideachas agus an chéad Phlean Náisiúnta Rochtana a fhorbairt le go dtacódh sé leis an bprionsabal sin, is príomhthosaíocht bheartais é don Roinn.

Sprioc Ardleibhéil: Maidir leis na mic léinn a thagann isteach san ardoideachas, a ghlacann páirt ann agus a chríochnaíonn é ar gach leibhéal, is é fís an Phlean Náisiúnta Rochtana ná a chinntiú go léirítear éagsúlacht agus meascán sóisialta dhaonra na hÉireann leo.

Príomh-Mhéadracht Ardleibhéil			
	Olltoradh Aschur 2019 (Sprioc Aschur 2019)	Olltoradh Aschur 2020 (Sprioc Aschur 2020)	Olltoradh Aschur 2021 (Sprioc Aschur 2021)
Mic léinn faoi mhíchumas mar % de gach iontrálaí nua san ardoideachas	11% (8%)	11% (11.5%)	N/B (12%)
Líon na n-iontrálaithe nua atá ag dul isteach san ardoideachas ar baill den Lucht Siúil iad	N/B (N/B)	48 N/B	N/B (N/B)

Fógraíodh feabhsuithe i mí an Mhárta 2021 do mhic léinn a bhfuil cónaí orthu i soláthar díreach ó thaobh rochtain a fháil ar an Oideachas Treasach. I gcomhpháirtíocht leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, agus chun tacú leis an sprioc deireadh a chur le soláthar díreach, ní gá d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a bhfuil cead oibre acu agus atá ag iarraidh rochtain a fháil ar chúrsaí Iar-Ardteistiméireachta (PLC) táillí idirnáisiúnta €3,600 a íoc a thuilleadh. Ag déanamh forbairt ar cé chomh maith agus a d'éirigh leis na hathruithe seo ar dtús, leathnaíodh an scéim ina dhiaidh sin chun cúrsaí iarchéime a mhaoiniú. Tugann sé seo deis luachmhar do mhic léinn i gcruachás rochtain a fháil ar bhreisoideachas agus ardoideachas, agus éiríonn campais níos ioncuimsithí dá bharr chomh le lucht saothair níos éagsúla a chruthú dár ngeilleagar.

I mí Aibreáin 2021 fógraíodh athruithe ar an Scéim Deontas Mac Léinn, lena n-áirítear tacaíochtaí breise d'iarchéimithe. Rinneadh athbhreithniú neamhspleách ar an Scéim Deontas Mac Léinn agus tugadh faoi chomhairliúchán poiblí maidir leis an scéim freisin. I measc na n-athruithe déanta cheana féin a théann chun sochair daoine a fhaigheann SUSI [Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn]:

- gan teidlíocht do dheontas SUSI a chailleadh a thuilleadh má fuair tú tairiscint fheabhsaithe tar éis duit an Ardteistiméireacht a dhéanamh i mbliana,
- roinnt íocaíochtaí de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí agus íocaíochtaí eile a fhágáil as an áireamh agus ioncam á ríomh,
- méadú ar an deontas táille iarchéime,
- méadú ar an ioncam uasta a cheadaítear le haghaidh iarchéimithe,
- íocaíocht leasa shóisialaigh do dhaoine 65 bliana d'aois a áireamh

mar íocaíocht cháilitheach don ráta speisialta den deontas cothabhála.

Thángthas ar chomhaontú maidir le **cosaintí ar chíosanna do mhic léinn** i mí an Mheithimh 2021. D'fhógair an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta cosaintí chun srian a chur ar réamhíocaíochtaí atá de dhíth ar mhic léinn chun cóiríocht a fháil, chun íocaíochtaí míosúla a chur san áireamh agus tréimhse fógra 28 lá a sholáthar do mhic léinn a chaithfidh bogadh amach as a gcóiríocht. Ina theannta sin, eisíodh ciorclán chuig príomhfheidhmeannaigh na n-údarás áitiúil go léir chun a dheimhniú nár cheart cóiríocht shaintógtha do mhic léinn a úsáid mar chóiríocht chónaitheach ghearrthéarmach ar feadh tréimhse éiginnte, agus gur cheart í a chur i leataobh do mhic léinn agus do dhaoine eile atá ag gabháil do hinstitiúidí ardoideachais le linn na bliana acadúla.

In 2021, leathnaíodh an rochtain ar sheirbhísí ar líne do mhic léinn breisoideachais agus ardoideachais ar fud na hÉireann. Maidir le go leor institiúidí breisoideachais agus ardoideachais, ní raibh rochtain ar a gcuid seirbhísí ar líne ach ar an gcampas trí líonra slán na hinstitiúide. Leathnaigh clár Eduroam campais fhíorúla agus thairg sé bealaí nua do mhic léinn chun rochtain a fháil ar sheirbhísí ar líne a n-institiúidí, lena n-áirítear naisc in áiteanna bardais mar leabharlanna, músaeim agus oifigí poiblí, agus láithreacha tráchtála amhail siopaí caife agus ionaid siopadóireachta. I measc na 140 áit a bhí ann ar dtús bhí cuid de na pobail sin sa tír ina bhfuil sé fíordheacair rochtain a fháil ar leathanbhanda iontaofa.

Mar chuid de dheontas caipitil cineachta €38 milliún d'institiúidí ardoideachais faoi Thionscadal Éireann 2040, thacaigh an Roinn le soláthar gléasanna TFC breise – lena n-áirítear ríomhairí glúine – chun tacú le mic léinn faoi mhíbhuntáiste a bhfuil deacracht acu rochtain a fháil ar ghléas oiriúnach dá gcuid staidéir. Chuimsigh an deontas freisin infheistíochtaí i dtrealamh agus sa bhonneagar atá de dhíth chun tacú le áiteanna breise do mhic léinn a chruthú; uasghráduithe ginearálta a dhéanamh ar TFC agus ar threalamh; oibreacha sláinte agus sábháilteachta, agus uasghráduithe eile ar fhoirgnimh; infheistíochtaí chun tacú le rochtain uilíoch agus éifeachtúlacht fuinnimh agus uasghráduithe a bhaineann le dícharbónú. Bhí an scéim ríomhaire glúine dírithe go príomha ar mhic léinn na chéad bhliana ach bhí sé oscailte d'aon duine tacaíocht a lorg trí oifig rochtana a n-institiúide. Anuraidh, cionroinneadh 8,000 ríomhaire glúine ar mhic léinn ardoideachais.

Toiliú in Institiúidí Ardoideachais

Thacaigh RBATNE le OÉG, le AMÉ [Aontas na Mac Léinn in Éirinn] agus le hIonad Éigeandála um Éigniú na Gaillimhe san fheachtas **'Tosaigh anseo'**. Seoladh an feachtas meán sóisialta ocht seachtaine i mí an Mhárta 2021 agus dhírigh sé ar na noda agus na huirlisí nithiúla maidir le cad gur cheart duit a dhéanamh más léir duit go bhfuil ciapadh nó foréigean gnéasach ar siúl. Tá tairbhe phraiticiúil ag baint leis na huirlisí seo sa mhéid is go n-ullmhaíonn siad daoine chun bheith tacúil agus dearfach i leith iadsan a tháinig tríd an ngníomhaíocht choiriúil seo.

Agus é ag eascairt as plé a bhí ag an Aire Harris le hUachtaráin Ollscoile na nInstitiúidí Ardoideachais faoin ngá a bhí le pleananna gníomhaíochta institiúideacha sonracha chun dul i ngleic le foréigean gnéasach agus ciapadh in institiúidí tríú leibhéal, rinne na hInstitiúidí Ardoideachais suirbhé i mí Aibreáin agus mí na Bealtaine 2021 ar níos mó ná 30,000 ball foirne agus 235,000 mac léinn san Ardoideachas. Iarradh orthu eolas a thabhairt faoi aon eispéireas de chiapadh gnéasach nó d'fhoréigean gnéasach a tharla

dóibh. Fiafraíodh den fhoireann faoi cé chomh heolach agus a bhí siad faoi bheartais, faoi cén sórt oiliúna a bhí ar fáil agus an mbraitheann siad sábháilte maidir le líomhaintí a thuairisciú. Rinneadh anailís ar 11,417 freagra san iomlán (7,901 mac léinn agus 3,516 ball foirne) agus úsáideadh a gcuid freagraí mar bhonn eolais faoi thuarascáil a foilsíodh ina dhiaidh sin.

I mí Dheireadh Fómhair 2021, cuireadh i bhfeidhm ar bhonn céimneach **"Labhair Amach" – Uirlis chun Foréigean agus Ciapadh a Thuairisciú go hAnaithnid in** 18 n-institiúid ardoideachais i rith na bliana acadúla. Chuir sé seo ar chumas na nInstitiúidí Ardoideachais taithí na foirne agus na mac léinn ar chiapadh agus ar fhoréigean a thuiscint, agus chuidigh sé leis an ÚAO cinntí beartais a dhéanamh a bhí bunaithe ar fhianaise sa réimse seo. Níos tábhachtaí fós, tharraing sé aird an phobail ar na tacaíochtaí atá ar fáil do mhic léinn agus don fhoireann agus spreag sé iad chun cabhair a lorg más gá. Is ardán ar líne é Labhair Amach ar ar féidir teagmhais a thuairisciú go hanaithnid a bhaineann le:

- bulaíocht
- cibearbhulaíocht
- ciapadh
- leithcheal
- coir fuatha
- iompar comhéigneach nó smacht
- stalcaireacht
- ionsaí
- gnéaschiapadh
- ionsaí gnéasach
- éigniú

Breisoideachas agus Oiliúint

Sheol an tAire Simon Harris an **Straitéis um Litearthacht ar Feadh an tSaoil d'Aosaigh ['ALL']** ar an 8 Meán Fómhair 2021. Leagtar amach sa Straitéis cur chuige tras-rialtais, tras-gheilleagair agus tras-sochaí chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist ríthábhachtach seo. Cuireann sé in iúl an chonair mhionsonraithe atá le siúl chun an fhís d'Éirinn a bhaint amach ina bhfuil an cumas litearthachta, uimhearthachta agus digiteacha ag gach duine fásta atá de dhíth chun páirt a ghlacadh sa tsochaí agus barr a gcumais a bhaint amach. Cuireadh i gcrích go rathúil in 2021 roinnt gealltanas faoin Straitéis, lena n-áirítear ionad ilfhreastail a chur ar bun le breis agus 210 pointe teagmhála áitiúil a chur ar fáil chomh maith le rochtain ar líne náisiúnta Saorghlao d'aon duine ar mian leo leas a bhaint as ceann amháin den 100,000 áit á gcur ar fáil faoi láthair trí sholáthraithe Breisoideachais agus Oiliúna (BOO) ar fud na tíre. Tá €3 mhilliún leithdháilte le haghaidh an Straitéis ALL a chur i bhfeidhm in 2022, agus tá obair ar siúl chun na struchtúir tacaíochta riachtanacha a chur ar bun, lena n-áirítear Oifig Clár, ciste um nuálaíocht le haghaidh comhoibrithe, chomh maith le 16 Chomhordaitheoir Litearthachta Réigiúnacha a cheapadh.

Bunaíodh **an Ciste Oiliúna Debenhams ar fiú €3m é** agus tacaíocht á fáil aige ón gCiste Náisiúnta Oiliúna, a cuireadh ar bun chun tacú le hiarfhostaithe Debenhams teacht ar ghairmthreoir, oiliúint, oideachas agus tacaíochtaí le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta a chur ar bun. Arna riar ag SOLAS, oibreoidh sé ar feadh 2 bhliain ón 1 Samhain 2021 nó go dtí go mbeidh sé caite go hiomlán, más luaithe.

Comhionannas Inscne

In 2021 rinneadh infheistiú de €23 million sna taighdeoirí iardhochtúireachta is fearr in Éirinn. Díríodh ar thaighdeoirí mná a chur chun cinn sa saol acadúil, ar mhaithe le tacú le feabhas a chur ar chomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú ar fud na hearnála ardoideachais. Ba é RBATNE a mhaoinigh an infheistíocht agus ba chomhthionscnamh é idir Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus an Chomhairle um Thaighde in Éirinn. Mar chuid den infheistiú seo tacaíodh le 40 taighdeoir ag tús a ngairmréime le gur féidir leo tionscadail cheannródaíocha a fhorbairt trí dhámhachtainí suas le €50,000 thar thréimhse ceithre bliana.

Seoladh an **Tionscnamh um Cheannaireacht Acadúil Shinsearach** (SALI) in 2019 agus tacaíonn sé le poist nua a chruthú a bhaineann go sonrach le inscne amháin ag leibhéil éagsúla chuí. Cuireann sé athrú tapa agus inbhuanaithe i gcrích ó thaobh ionadaíocht na mban sa ghrád ollamh sinsearach. In 2021 d'éirigh le seacht n-institiúid faoi ghlao SALI, rud a chruthaigh 10 bpost acadúla sinsearacha sa bhreis.

Is creat é cairt **Athena SWAN** a úsáidtear ar fud na cruinne chun tacú le agus athrú ó bhonn a chur i bhfeidhm maidir le comhionannas inscne san ardoideachas agus sa taighde. In 2021 bhí 87 duine ar bronnadh dámhachtainí Athena Swan orthu in Éirinn (86 Chré-umha; 1 Airgid), agus tá 19 nInstitiúid (ollscoileanna, institiúidí teicneolaíochta agus coláistí), chomh maith le 68 roinn tar éis dámhachtain a fháil. Léiríonn na sonraí seo dámhachtainí a bronnadh suas go dtí an babhta measúnaithe a tharla i mí Aibreáin 2021.

Agus iad feasach go bhfuil níos mó agus níos mó tábhacht ag baint le Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú, chuir RBATNE aonad tiomnaithe ar bun in 2021 chun obair sa réimse beartais seo a threorú laistigh den Roinn.

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

Is í an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta an phríomh-Roinn maidir le Sprioc SFI 4.3, 'Faoi 2030, a chinntiú go bhfuil teacht comhionann ag gach bean agus fear ar oideachas teicniúil, gairmoiliúna agus treasach ar phraghas réasúnta agus ar ardchaighdeán, oideachas ollscoile san áireamh.'

Tá baint ag an Roinn freisin le SFI Sprioc 4.5, "Faoi 2030, deireadh a chur le héagothroime inscne san oideachas agus rochtain chomhionann ar gach leibhéal oideachais agus gairmoiliúna a chinntiú do dhaoine leochaileacha, daoine faoi mhíchumas san áireamh, chomh maith le daoine dúchasacha agus páistí i gcásanna leochaileacha" agus Sprioc SFI 4.6 "Faoi 2030, a chinntiú go mbainfidh gach duine óg agus sciar suntasach de dhaoine fásta, idir fhir agus mhná, litearthacht agus uimhearthacht amach"

Tá dul chun cinn á ndéanamh maidir leis na spriocanna seo trí na bearta leagtha amach thús a chur i bhfeidhm.

Rannpháirtíocht Phoibli in 2021

6 Chomhairliúchán Beartais Poiblí

- Cruthaímis i dteannta Chéile ár dTodhchaí
- Athbhreithniú ar an Scéim um Dheontas Mic Léinn
- Straitéis Náisiúnta ar Oideachas um Fhorbairt Inbhuanaithe go dtí 2020
- Straitéis Taighde agus Nuálaíochta Náisiúnta
- Plean Náisiúnta un Chothromas Rochtana ar Ardoideachas
- Athchóiriú Reachtaíocht an Údaráis um Ard-Oideacgas

18,803 Aighneacht Aonair

Leantóirí Nua ar na Meáin Shóisialta

4,175

1,098

594

2,020 Ceist Pharlaiminteach Freagartha

3,587 Comhfhreagairt leis an Aire



Cruthaímis i dteannta a Chéile ár dTodhchaí

Sheol an Taoiseach agus an tAire tionscnamh uathúil i mí Iúil 2021 faoin teideal Ár dTodhchaí a Chruthú agus é mar aidhm aige smaointe agus tuairimí a lorg ó mhuintir na hÉireann faoi cén treo gur cheart do thaighde agus nuálaíocht in Éirinn dul amach anseo. Tugadh cuireadh do ghrúpaí pobail agus do ghrúpaí sainleasa agus do bhaill den phobal smaointe a chur isteach ar líne trí shuíomh gréasáin tiomnaithe, creatingourfuture.ie, nó trí chárta poist a chur sa phost ar cruthaíodh go speisialta é don fheachtas Ár dTodhchaí a Chruthú, nó trí páirt a ghlacadh sna ceardlanna agus imeachtaí ar líne agus ag a raibh daoine i láthair go pearsanta, nó trí fhreastal ar cheann den iliomad imeachtaí seó bóthair a bhí ar siúl i ngach contae in Éirinn. Cuireadh béim ar leith ar dhul i dteagmháil le gach uile earnáil den phobal.

Tacaíodh leis an feachtas trí fheachtas mór a dhéanamh sna meáin lena n-áirítear fógraíocht teilifíse, raidió agus ar na meáin shóisialta.

Deis a bhí san fheachtas plé agus cur is cúiteamh a spreagadh faoi cad iad na rudaí atá tábhachtach do dhaoine agus do phobail, chomh maith le cuireadh a thabhairt do thaighdeoirí páirt a ghlacadh sna cainteanna sin leis an bpobal agus, i dteannta a chéile, barrfeabhais a chur ar smaointe nua a d’fhéadfadh taighde a spreagadh amach anseo.

Ba í an bhéim seo ar chomhrá a chothú idir taighdeoirí agus an pobal a dhealaigh Ár dTodhchaí a Chruthú ó chomhairliúcháin phoiblí eile. Dearadh an feachtas sa chaoi is go ndéanfadh sé éascaíocht ar smaointe a bhailiú ach is é an rud is tábhachtaí faoi ná an bhéim a leag sé ar chomhphlé, ionchuimsiú agus dearcthaí comhroinnte.

Ba í RBATNE a bhí i gceannas ar an gCoiste Stiúrtha agus é de chúram uirthi treocht an fheachtais a threorú. Bhí Fóram Comhairleach ann ina raibh nach mór 80 eagraíocht ó sampla ionadaíoch leathan den earnáil phoiblí agus den tsochaí shibhialta, chomh maith le roinnt Ambasadóirí Feachtais, an tOllamh Luke O’Neill agus an tOllamh Emilie Pine ina measc, agus Coiste Saineolaithe ar a raibh saineolaithe ábhair i dtaighde agus réimsí nuálaíochta a rinne anailís ar na freagraí.

San iomlán i gcaitheamh 5 mhí an fheachtais, fuarthas os cionn 18, 000 smaoineamh ón bpobal san fheachtas.

Rinne an Coiste Saineolaithe agus a Ghrúpaí Oibre, faoi chathaoirleacht an Oll. Linda Hogan Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath anailís ar na sonraí seo a bailíodh, agus ullmhaíodh tuarascáil a léirigh 16 théama éagsúla a d'eascair as na freagraí a fuarthas.

-***An Fhoireann Cumarsáide***

#idirnáisiúnta– éirí linn ar an stáitse domhanda

Éire a chur chun cinn go domhanda mar gheilleagar eolasbhunaithe ceannródaíoch ina bhfuil béim ar scileanna agus ar nuálaíocht agus mar cheannaire san ardoideachas agus taighde, agus comhoibriú a neartú ar bhonn uile-oileánda agus Thoir/Thiar, laistigh den AE agus níos faide i gcéin mar thír atá in ann daoine cumasacha a mhealladh ó gach cearn den domhan go córas oideachais idirnáisiúnta na hÉireann fad is atá Éire a ullmhú do dhul san iomaíocht ar an ardán domhanda.

AE

Is próiseas rannpháirtíochta agus athchóirithe é Próiseas Bologna agus Limistéar Eorpach an Ardoideachais (EHEA) chun córais ardoideachais a chur níos mó in oiriúint dá chéile chomh maith le meicníochtaí dearbhaithe cáilíochta a neartú. In 2021 bhí RBATNE i gceannas ar an bpáirt a ghlac Éire sa réimse seo agus rinne sí maoirseacht ar 5 ionadaí as Éirinn a cheapadh ar Ghrúpaí Oibre Bologna.

Is clár AE é **Erasmus+** i réimsí an oideachais, oiliúna, an aosa óig agus spóirt. Féadfaidh oideachas, oiliúint, an t-aos óg agus spórt cabhrú go mór ó thaobh dul i ngleic le hathruithe socheacnamaíocha agus ó thaobh tacú le clár oibre an bheartais Eorpaigh um fhás, phoist, chothromas agus ionchuimsiú sóisialta a chur i bhfeidhm. In 2021 chuir an líon is mó daoine riamh iarratas isteach chun páirt a ghlacadh i gClár **Erasmus+**, chuir suas le 7,000 duine iarratas isteach, i gcomparáid le 5,100 a chuir iarratas isteach i bhFeabhra 2020. Leathnaíodh an clár Erasmus+ freisin le go gcuimseodh sé foghlaimeoirí fásta agus eagraíochtaí luath-óige den chéad uair riamh.

Mar an Údarás Náisiúnta, chomhlíon an Roinn a ndualgais fhoirmiúla maidir lena chinntiú go ndearnadh an clár Erasmus a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú ar bhealach sármhaith, lena n-áirítear an comhlacht Iniúchóireachta Neamhspleách a cheapadh, measúnú a dhéanamh ar mholtaí, plé le coistí an chláir, agus maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na Gníomhaireachta Náisiúnta. Tá dhá Ghníomhaireacht Náisiúnta ag Éirinn, Léargas agus an tÚdarás um Ard-Oideachas. Tá na comhlachtaí seo freagrach as eolas a thabhairt agus as an gclár a chur chun cinn, as athbhreithniú a dhéanamh ar iarratais agus as tacú le daoine agus eagraíochtaí a ghlacann páirt in Erasmus+.

Tháinig deireadh le Clár Erasmus + 2014-2020 in 2021. Bhí buiséad de €14.7 billiún ag an gclár seacht mbliana faoi phríomhghníomhartha maidir le Soghluaisteacht, Comhoibriú agus Athchóiriú Beartais. In 2021 tháinig an Roinn ar Chomhaontú maidir le Seachadadh Feidhmíochta idir an tÚdarás Náisiúnta agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta atá mar chuid de phlé ríthábhachtach atá ag dul ar aghaidh go fóill maidir le hacmhainní a dhóthain agus rialachas éifeachtach a chinntiú i gcomhthéacs an bheartais náisiúnta i gCláir Erasmus+ atá ann cheana féin agus a bheidh ann amach anseo.

Is léiriú iad **Na Cláir Síochána** (2021 – 2027) ar thiomantas an Aontais Eorpaigh ó thaobh tacú leis an bpróiseas síochána ar fud an réigiúin, agus seoladh an chéad Chlár PEACEsa bhliain 1995. Is éard atá sa Chlár Peace Plus ná an clár cistí struchtúracha trasteorann atá dírithe ar dhul chun cinn i dtreo sochaí shíochánta, staidéarach agus rathúil a threisiú i dTuaisceart Éireann agus i gcontaetha teorann na hÉireann. Tá an Roinn tiomanta go mór do chomhoibriú a chur chun cinn idir institiúidí breisoideachais agus ardoideachais, Thuaidh agus Theas, agus tá sé seo ina mhórchlár oibre ar chlár oibre straitéiseach na Roinne. Bhuail an Roinn le comhghleacaithe i Roinn Geilleagair

Thuaisceart Éireann chun an réimse iomlán de shaincheisteanna a bhaineann leis an dá thaobh a phlé, lena n-áirítear scileanna, dea-chleachtais a roinnt lena chéile, agus soláthar oideachais a fheabhsú san Iarthuaisceart. Tá sé seo ag teacht leis an bplé rialta a dhéantar trí Ghrúpaí Oifigiúla Sinsearacha Idir-Rannacha trasteorann eile a oibríonn laistigh den bhonneagar Thuaidh-Theas agus gealltanais faoi *'Deich mBliana Úr Romhainn Amach, Cur Chuige Úr',* ar a bhfuil oifigigh ón dá dhlínse. Chuir an Roinn togra maidir le Scileanna faoi bhráid údaráis an chláir i mí na Bealtaine 2020, áit ar tugadh é faoin téama foriomlán 'Athghiniúint agus Claochlú Eacnamaíoch a Sheachadadh. Is í seo an chéad uair a bhfuil tionscnaimh scileanna mar chuid den Chlár PEACE. Chuir oifigigh Thuaidh agus Theas tús le hobair scóipe tosaigh agus é mar aidhm acu samhlacha seachadta do phrintíseachtaí a chur i gcomparáid lena chéile. Tá sé beartaithe go mbeifear in ann roghanna a fhorbairt dá bharr seo le féachaint conas is féidir múnla trasteorann a sheachadadh.

Cláraíodh sciar na hÉireann 2021 de €88.3 milliún de mhaoiniú **REACT AE** faoi Chlár 2014-20 Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE) don Infhostaitheacht, don Ionchuimsiú agus don Fhoghlaim (PEIL). Is éard atá i REACT AE (Cúnamh Téarnaimh do Chomhtháthú agus do Chríocha na hEorpa) ná maoiniú breise ón AE a cuireadh ar fáil do chláir Bheartais Chomhtháthaithe 2014-20 mar fhreagairt ar iarmhairt COVID-19 agus chun téarnamh a chothú sa gheilleagar atá neamhdhíobhálach don timpeallacht, digiteach agus a bhfuil teacht aniar le sonrú ann. I mí na Samhna 2021, cheadaigh an Coimisiún Eorpach tosaíocht nua a chruthú laistigh de PEIL CSE chun tacú le hoideachas agus le hoiliúint a dhul ar aghaidh ar bhealach atá sábháilte agus ionchuimsitheach i gcomhthéacs COVID-19. Bhain an tacaíocht le bearta a tugadh isteach ar mhaithe le tacú le scoileanna a athoscailt agus ríomhairí glúine a sholáthar do dhaltaí faoi mhíbhuntáiste sa bhreisoideachas agus san ardoideachas.

Cuireadh fáltais AE de €43.4m i dtaisce do Vóta RBATNE maidir le dearbhuithe caiteachais PEIL le linn 2021. Lena chois sin, cuireadh €82m i dtaisce don Chiste Náisiúnta Oiliúna maidir le dearbhuithe caiteachais PEIL i rith na bliana.

Tuaisceart/Deisceart – Oirthear/Iarthar

I mí Iúil 2021, chuir an tAire Harris agus an tAire Foley fáilte roimh Rúnaí Stáit Oideachais na RA, Gavin Williamson, chun **Meabhrán Tuisceana ar na Prionsabail Oideachais a bhaineann leis an gComhlimistéar Taistil** a shíniú. Rinne an MT seo taifeadadh agus códú ar go leor de na malartuithe atá á gcleachtadh ag saoránaigh Éireannacha agus RA ó chuaigh an dá thír isteach san Aontas Eorpach lena chinntiú go dtugtar an ceart rochtana ar gach leibhéal oideachais agus oiliúna, agus tacaíocht bainteach le seo do shaoránaigh na hÉireann agus na Breataine sa Stát eile ar bhealach gach pioc chomh fabhrach agus a chaitear le saoránaigh an Stáit sin.

Taighde

Agus é maoinithe ag an Roinn, **i mí na Bealtaine 2021, tháinig an tionscnamh IReL** ar chomhaontuithe le 11 mórfhoilsitheoir acadúil idirnáisiúnta a athróidh cúrsaí san earnáil sin ó bhonn. Dá bharr sin, is féidir le taighdeoirí in institiúidí in aon Bhallstát rannpháirteach talamh slán a dhéanamh de go gcuirfidh na foilsitheoirí a fhoilsíonn na hailt a scríobhann siad iad ar fáil go hoscailte, láithreach bonn agus gan aon chostas a ghearradh ar thaighdeoirí, fhoghlaimeoirí nó ar shaoránaigh go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Go dtí gur thángthas ar chomhaontú maidir le seo, ainneoin é a bheith maoinithe ag cáiníocóirí, ba mhinic taighde den sórt seo a bheith taobh thiar de bhallaí íocaíochta agus ní raibh teacht air ach ag daoine a raibh síntiúis chostasacha acu. Maidir le saincheisteanna domhanda amhail athrú

aeráide, inbhuanaitheacht agus rialú galar, tá géarghá le comhoibriú idirnáisiúnta agus tá an leibhéal nua rochtana seo ar thaighde Éireannach suntasach agus riachtanach araon.

Tugadh chun críche le linn 2021 an t-athbhreithniú ar an Straitéis Oideachais Idirnáisiúnta 2016-2020 a bhí ar siúl ag na comhairleoirí eacnamaíocha idirnáisiúnta faoi scáth Indecon. Ó thaobh baint amach na spriocanna straitéiseacha atá leagtha amach sa straitéis, léirigh an Tuarascáil go raibh dul chun cinn den chéad scoth déanta, go háirithe maidir le líon na mac léinn idirnáisiúnta a roghnaíonn staidéar a dhéanamh in Éirinn. Réitigh an tAthbhreithniú an bealach faoi choinne tús a chur le próiseas comhairliúcháin faoin gcéad **Straitéis Idirnáisiúnta Oideachais, Taighde agus Nuálaíochta** go luath in 2022, agus tá sé le foilsiú faoi dheireadh na bliana sin.

#COVID

I gcaitheamh 2021, chuir an Roinn a dhá oiread fuinnimh ina hiarrachtaí chun leanúnachas a chinntiú ar fud réimsí an bhreisoideachais agus an ardoideachais agus an taighde. Ba ríthábhachtach an comhoibriú agus an dlúth-theagmháil a rinneadh idir an Roinn agus na páirtithe leasmhara ó thaobh leanúint ar aghaidh agus srianta an-dian i bhfeidhm agus gan aon duine in ann a thuar cén treocht a bhí i ndán do scaipeadh an víris. Stiúir an tAire an obair seo trí bhíthin an Ghrúpa Stiúrtha Earnáil an Oideachais Treasaigh COVID19, cruinniú seachtainiúil d'ionadaithe ó pháirtithe leasmhara, ón earnáil, ón ngníomhaireacht agus ón Roinn, le tacaíocht ó ghrúpaí oibre satailíte, agus iad go léir ag obair as lámha a chéile ar mhaithe leis an earnáil a thacú agus a threorú chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhí ag teacht chun cinn de dheasca na paindéime. Ina theannta sin, chuir an Roinn ionadaíocht, tacaíocht agus treoir ar fáil do Ghrúpaí Páirtithe Leasmhara BOO agus Comhpháirtíocht Páirtithe Leasmhara san Earnáil Teicneolaíochta (POSIT), agus í ag obair i gcomhar le hinstitiúidí agus le hionadaithe foirne ar mhaithe le leanúnachas chomh maith agus chomh sábháilte agus ab fhéidir a sholáthar. Tríd is tríd, rinne an Roinn, le tacaíocht ón nGrúpa Stiúrtha, ionadaíocht agus moladh ar son riachtanais na hearnála i gcinnteoireacht tras-Rannach agus rialtais i gcaitheamh na paindéime ar fad.

Ba bhroidiúil agus ba dhothuartha é an clár oibre an tráth sin de bharr iomaí corr agus casadh na paindéime. Maidir leis na dúshláin agus na deiseanna a tháinig chun cinn le linn na tréimhse, bhain siad le réimse leathan de shaincheisteanna amhail socrúcháin mac léinn, riaráiste printíseachta, moilleanna taighde, meabhairshláinte agus folláine, nascacht agus riachtanais na mac léinn idirnáisiúnta, agus comhordú éifeachtach is freagairt phras ag teastáil i leith gach ceann de na réimsí seo.

Ceann de na saincheisteanna ba phráinní ná conas ullmhú le haghaidh filleadh na mac léinn agus na bhfoghlaimeoirí ar an láthair gníomhaíochta i bhfómhar na bliana 2021 agus a chinntiú go ndéantar é sin ar bhealach sábháilte. Trí phróiseas de chomhchruthú leis an earnáil ar fad forbraíodh an Plean um Fhilleadh Shábháilte thar thréimhse dhian 3 seachtaine idir Aibreán agus Bealtaine 2021. Thug an plean creat cuimsitheach d'institiúidí chun dul i mbun foghlama, teagaisc, agus taighde ar an gcampas arís ar bhealach sábháilte i mí Mheán Fómhair 2021 agus eispéireas mac léinn níos leithne a sholáthar ar an gcaoi sin ar bhealach tacaithe go hiomlán ag údaráis sláinte poiblí agus a bhí indéanta de bharr bearta réamhchúraim cuimsitheacha. Trí abhcóideacht láidir a dhéanamh ar son na hearnála agus trí chomhoibriú idir-rannach, d'éirigh leis an Roinn tacaíocht dhíreach a fháil ón bPríomh-Oifig Míochaine don Phlean um Fhilleadh Shábháilte mar aon le ceadú ón Rialtas, agus cumarsáid shoiléir is tarraingteach a chur mar bhonn faoi seo chomh maith le feachtas fógraíochta a rinne iarracht an creat a chur i mbéal an phobail**.** Mar thaca lena chur i bhfeidhm, ceadaíodh don Roinn pacáiste maoinithe de €105m chun na costais bhreise a thabhaigh an earnáil de bharr COVID19 a mhaolú. De bharr an Phlean um Fhilleadh Shábháilte a chur i bhfeidhm go rathúil, d'fhill thart ar 400,000 mac léinn agus foghlaimeoir breisoideachais agus ardoideachais ar an láthair agus d'fhan siad ann ó fhómhar 2021 ar aghaidh.

Le linn 2021 d'éirigh an ról fianaise-bhunaithe a bhí ag mearthástáil antaiginí níos follasaí mar bheart chun cosc a chur le scaipeadh COVID 19. D'oibrigh an Roinn i gcomhar leis an Sainghrúpa Comhairleach maidir le Mearthástáil chun an bonn fianaise a shoiléiriú maidir le dul i mbun tástála agus na paraiméadair a bhaineann le seo i timpeallachtaí breisoideachais agus ardoideachais agus taighde. Chun an cur chuige a thástáil go turgnamhach, tugadh tacaíocht freisin don staidéar UniCoV (a raibh tacaíocht aige ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann) i gceithre ollscoil agus triail a bhaint as bealaí éagsúla de mhearthástáil antaiginí agus faireachas a dhéanamh ar fhuíolluisce. Chuaigh an Roinn i bpáirt leis an Meitheal um Threoirthionscadal faoi stiúir an FSS freisin chun cur chuige a thriail i leith mearthástáil a oibriú i láithreacha oideachais agus ghlac roinnt láithreacha breisoideachais agus ardoideachais páirt sa treoirthionscadal. I mí na Nollag 2021, tar éis dóibh tuiscint a fháil ar an ról a bhí ag an mbeart seo, chruthaigh an Roinn tionscnamh maoinithe de €9m chun trealamh mearthástála antaiginí a chur ar fáil saor in aisce do mhic léinn sa bhreisoideachas agus san ardoideachas le go bhféadfaidís dul i dtaithí ar iad a úsáid.

D'oibrigh an Roinn i gcomhar leis an Roinn Sláinte freisin agus le húdaráis sláinte poiblí ar mhaithe le cabhrú le hiarrachtaí chun sláinte agus sábháilteacht an phobail a chosaint agus chun an clár náisiúnta vacsaínithe a chur chun cinn agus tacú leis. Ag obair leis an Roinn Sláinte, d'fhorbair an Roinn tionscnaimh earnála chun sábháilteacht agus sláinte a chur chun cinn agus dáileadh 18.5 milliún masc aghaidhe ar bhreis is 200 institiúid breisoideachais agus ardoideachais ar fud na tíre dá bharr. Chuaigh an Roinn i mbun plé le FSS agus le hinstitiúidí chun réimse leathnaithe de chlinicí vacsaínithe gan réamhchoinne a thairiscint sna láithreacha a bhí ann cheana féin agus i tob-chlinicí sealadacha vacsaínithe i réimse de láithreacha ardoideachais. Riaradh 6,316 dáileog vacsaíne san iomlán leis an tionscnamh seo***-Aonad Beartais Straitéisigh***

#rialachas – dea-rialachas chun cáilíocht a fheabhsú

Nuachóiriú na hearnála a chur chun cinn, múnla maoinithe inbhuanaithe a chur i bhfeidhm agus rialachas a fheabhsú, chun obair ar ardchaighdeán a spreagadh agus lena chinntiú go mbaintear feidhmíocht shármhaith amach.

Earnáil an Ardoideachais

Tá an tÚdarás um Ard-oideachas (ÚAO) freagrach as an earnáil ardoideachais a mhaoiniú agus a mhaoirsiú. Tá an reachtaíocht a rialaíonn an ÚAO ann le 50 bliain agus in 2021 chuir RBATNE tús le hobair ar leasú a dhéanamh ar **Acht an Údaráis um Ard-Oideachas (ÚAO)**, 1971 lena chinntiú go mbeidh an earnáil ardoideachais in ann an fhís a fhíorú maidir le hardoideachas den scoth a chur ar bun chomh maith le córas atá nuálaíoch, oiriúnaitheach agus ionchuimsitheach, córas a chuireann le forbairt shóisialta, eacnamaíoch agus chultúrtha. *Is féidir forléargas iomlán ar an obair seo a fháil sa chás-staidéar thíos.*

Tionscnaíodh athchóirithe eile rialachais earnála freisin in 2021, lena n-áirítear tuarascáil a thabhairt chun críche arna maoiniú ag an Ard-Stiúrthóireacht um Athchóiriú ar **Mhaoiniú don Ardoideachas atá Inbhuanaithe Amach Anseo.** Mar chuid den obair seo rinneadh measúnú eacnamaíoch ar na roghanna maoinithe a cuireadh i láthair i dTuarascáil an tSainghrúpa. Tar éis an tuarascáil a thabhairt chun críche, tugadh meamram chuig an gCoiste Comh-Aireachta ar Théarnamh Eacnamaíoch i mí na Nollag 2021. Mhol an Coiste gan mheasúnú a dhéanamh ar Iasachtaí ag Brath ar Ioncam agus an Tuarascáil mar aon le freagra tomhaiste ón Roinn a chur faoi bhráid an Rialtais in 2022.

Comhaontaíodh **Plean Gníomhaíochta Athchóirithe don earnáil Ardoideachais** le 6 cheardchumann agus le hionadaithe Ardoideachais agus foilsíodh é i R2 2021. Cuireadh leasuithe i bhfeidhm go rathúil ar fud na hearnála Ardoideachais de réir an Phlean Gníomhaíochta Athchóirithe sin agus ní raibh aon aighneas tionsclaíoch ann i rith na bliana. Maidir le go leor de na cleachtais nua a glacadh ó Mhárta 2020, foghlaim chumaisc agus seachadadh go cianda san áireamh, leanadh ar aghaidh leo in 2021 ar mhaithe le heispéireas na mac léinn agus timpeallacht an ionaid oibre a bharrfheabhsú. Tharla tuilleadh comhoibrithe san earnáil teicneolaíochta freisin maidir le dul chun cinn a dhéanamh i dtreo Ollscoileanna Teicneolaíochta nua a chur ar bun.

Tugadh faoi mhórfheachtais earcaíochta faoi stiúir na Roinne in 2021 lena n-áirítear na chéad chomhaltaí boird rialaithe a ceapadh chuig Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan, OT na Sionainne: Lár Tíre, An tIarthar Láir, Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh agus Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt. Rinneadh ceapacháin/ainmniúcháin aire chuig boird rialaithe OT Bhaile Átha Cliath, OÉ Gaillimh, OCBÁC, CNED agus DIAS [Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath] a bhainistiú le linn 2021 freisin. Rinneadh os cionn 80 ceapachán/ainmniúchán aireachta (lena n-áirítear c.25 athcheapachán) in 2021 chuig Boird Rialaithe san earnáil Ardoideachais.

Bille an Údaráis um Ardoideachas

Déanfaidh Bille an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022 Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 1971 a aisghairm agus cuirfear ina ionad reachtaíocht lena leasófar an creat reachtach don chóras ardoideachais le forbairt bheartais agus pleanáil a fheabhsú san earnáil, chomh maith le díriú ar riachtanais an fhoghlaimeora agus feabhas a chur ar an maoirseacht agus an rialú a dhéantar ar institiúidí ardoideachais.

Is í an aidhm fhoriomlán ná córas ar ardchaighdeán a sholáthar atá dírithe ar mhic léinn agus maoirseacht is cuntasacht chuí a chur i bhfeidhm le gur féidir le páirtithe leasmhara, mic léinn agus an pobal a bheith muiníneach as.

Tá sé de chúram ar an ÚAO maoirseacht a dhéanamh ar earnáil atá fairsing agus éagsúil, lena n-áirítear ollscoileanna, ollscoileanna teicneolaíochta nua agus institiúidí teicneolaíochta. Tá réimse leathan d'institiúidí ardoideachais seachbhrabúsacha agus príobháideacha ag feidhmiú san earnáil ardoideachais, cuid acu a fhaigheann maoiniú go leanúnach nó ar bhonn iomaíoch.

Tá na hathchóirithe dá bhforáiltear sa reachtaíocht ag teacht leis an Straitéis Náisiúnta Ardoideachais go dtí 2030. Tá na hathchóirithe ag teacht le Clár an Rialtais freisin trí fheidhmíocht, bainistíocht airgeadais, rialachas agus trédhearcacht san earnáil ardoideachais a fheabhsú.

Tá cur chuige ó na príomhpháirtithe leasmhara atá cuiditheach agus comhoibríoch tar éis cur go mór le hathchóiriú na reachtaíochta freisin. Áirítear le seo comhairliúcháin oifigiúla a rinneadh in 2018, 2019 agus arís i Feabhra 2021. Mar chuid den chomhairliúchán seo a tharla le déanaí, foilsíodh cáipéis chomhairliúcháin dar teideal *'Nuashonrú ar an Acht um Leasú ar an Údarás um Ard-Oideachas, 1971 – Cur Chuige Comhroinnte.* Fuarthas sé aighneacht agus daichead ó pháirtithe leasmhara mar fhreagra ar an bpróiseas comhairliúcháin seo.

Tar éis machnamh a dhéanamh ar na tuairimí léirithe ag na páirtithe leasmhara le linn an phróisis chomhairliúcháin, dhréachtaigh an Rialtas Scéim Ghinearálta an Bhille chun an tAcht um ÚAO, 1971 a leasú agus cheadaigh an Rialtas é an 4 Bealtaine.

Cuireadh tús le grinnscrúdú réamhreachtach ar an mBille i mí Iúil agus fuarthas tuarascáil an Chomhchoiste um Oideachas, Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht an 28 Meán Fómhair.

Chuaigh an Roinn i mbun plé le hOifig an Ard-Aighne agus le hOifig um Chomhairle Pharlaiminteach ansin chun an Bille a dhréachtú. Glacadh isteach sa Bhille a lán de na moltaí ón tuarascáil um Ghrinnscrúdú Réamhreachtaíochta.

Bhí plé leanúnach leis na príomhpháirtithe leasmhara le linn fhorbairt an Bhille, lena n-áirítear leis an Údarás um Ard-Oideachas, Cumann Ollscoileanna Éireann, Cumann Ardoideachais Teicneolaíochta, Aontas na Mac Léinn in Éirinn, Coláiste na Tríonóide, Institiúidí Ardoideachais príobháideacha agus seachbhrabúsacha chomh maith le Comhdháil na gCeardchumann agus Aontas Múinteoirí Éireann. Tugadh aghaidh ar go leor de na saincheisteanna a d'ardaigh na príomhpháirtithe leasmhara i ndréachtú an Bhille agus ina dhiaidh sin trí leasuithe Rialtais sa Dáil.

Fuair an tAire ceadú ón Rialtas don Bhille an 14 mí na Nollag, 2021. Foilsíodh an Bille agus cuireadh faoi bhráid na Dála é an 7 Eanáir 2022. Táthar ag súil go n-achtófar Bille an Údaráis um Ard-Oideachas faoi Shamhradh 2022.

-Ardoideachas, Rialachas agus Cáilíocht

#inniúlacht – Roinn atá ‘oiriúnach don fheidhm atá léi’

A chinntiú go bhfuil na hacmhainní ríthábhachtacha agus an saineolas ag an Roinn chun ár Misean agus ár Spriocanna a sheachadadh agus a bheith i bhfeidhm, agus sinn ag tacú lenár bhfoireann cumas aonair agus cumas i dteannta a chéile a fheabhsú a thuilleadh chomh maith le bonn a chur faoi fheidhmíocht shármhaith.

I gcaitheamh 2021 leanamar ar aghaidh le feidhmeanna agus struchtúir riachtanacha a thógáil sa Roinn. Mar chuid de seo bhí obair leanúnach lena chinntiú go raibh foireann iomlán in oifigí an Aire agus an Aire Stáit agus go raibh siad in ann feidhmeanna riachtanacha a n-oifige a chomhlíonadh (cás-staidéar iomlán thíos).

Lean ár rannóga Airgeadais agus Seirbhísí Corparáideacha ar aghaidh le struchtúir rialachais a chur i bhfeidhm go daingean sa Roinn nua. D’fhonn dlús a chur le feidhmíocht gach aonaid ghnó, cuireadh próiseas bliantúil i bhfeidhm chun forbairt agus athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna gnó. Cuireadh Coiste Riosca ar bun lena chinntiú go ndéantar maoirseacht ar rioscaí na Roinne agus chun aird a tharraingt ar chásanna ina ndéantar iad a mhaolú go héifeachtach. D’fhorbair an Coiste Beartas Bainistíochta Riosca na Roinne agus an Ráiteas Inghlacthachta Riosca. Bunaíodh feidhm iniúchta inmheánaigh freisin, lena n-áirítear Coiste Iniúchta a cheadaigh Cairt Aonaid Iniúchta Inmheánaigh ina dhiaidh sin, cairt a leagann amach freagrachtaí ábhartha an Choiste agus an Aonaid.

Thug an Roinn faoi athbhreithniú a dhéanamh ar dhearadh na heagraíochta agus chuir sí na príomhthorthaí i bhfeidhm. De bharr seo d’athraigh an Roinn ó thrí rannán ar leith, go ceithre rannán agus cúig rannóg trasnaí.

Chuir an t-athbhreithniú dlús le chur chuige ionchuimsitheach freisin i leith fhorbairt na heagraíochta. Cuireadh struchtúr grúpa oibre ar bun rannpháirtíocht ó ar fud gach grád agus gach áit. Rinne na grúpaí seo iniúchadh ar riachtanais na Roinne maidir le:

1. Daoine agus Scileanna
2. Luachanna agus Iompraíochtaí
3. Straitéis TFC
4. Rialachas


Samhail rannach nua
Misean rannach
Earnáil Threasach
Struchtúir eagraíochtúla chun comhtháthú a spreagadh
Ardoideachas
Ceannaireacht a thabhairt i leith forbairt straitéiseach agus athchóiriú an ardoideachais
Beartas Scileanna & Breisoideachas agus Oiliúint
Ceannaireacht a thabhairt i leith beartas scileanna agus i leith fhorbairt straitéiseach agus athchóiriú an bhreisoideachais agus oiliúna
Taighde & Nuálaíocht
Ceannaireacht a thabhairt i leith beartas náisiúnta taighde agus nuálaíochta agus i leith rannpháirtíocht idirnáisiúnta
Corparáideach & Caipitiúil
Ceannaireacht a thabhairt i leith fheidhmeanna corparáideacha agus infheistíocht chaipitiúil na Roinne agus gníomhaíocht na Roinne ar son na haeráide
Freagrachtaí trasghearrtha
Beartas sóisialta & CÉC
Comhtháthú Treasach & Beartas eacnamaíoch
Fianaise le haghaidh beartais
Tacaíocht/Comhairle um rialachas corparáideach
Your paragraph text
Aonaid ghnó i ngach rannán
Ardoideachas
Athchóiriú agus Beartas AO
Cáilíocht agus Rialachas AO
Tacaíocht do Mhic Léinn
Maoiniú don AO
Beartas Sóisialta & CÉC
Beartas Scileanna & Breisoideachas agus Oiliúint
Beartas, Maoiniú agus Rialachas Breisoideachais agus Oiliúna
Comhpháirtíocht Bheartais Phoiblí & Phrintíseachta
Beartas Scileanna agus Teagmháil le Fiontraíocht
Beartas Straitéiseach & Tacaíocht bheartais
Taighde & Nuálaíocht
Beartas Nuálaíochta, Taighde & Forbartha
Cláir Thaighde
Idirnáisiúnta
CSTE/CECD
Fianaise le haghaidh Beartais
Corparáideach
Airgeadas
Caidreamh Tionsclaíoch agus Pinsin
Pleanáil Chaipitiúil & Athrú Aeráide
Cláir Chaipitiúla
FE, AD Straitéiseach, Cumarsáid & Oibríochtaí

#Inniúlacht – Radharc ó Oifig an Aire

Tháinig mé ar bord le foireann dialainne an Aire i mí Lúnasa 2020, tráth corraitheach agus Roinn is oifig Aire nua a gcur ar bun ón mbonn aníos, i lár paindéime.

Ghlac mé ballraíocht i bhfoireann bheag de Rúnaí Príobháideach, Rúnaí Dialainne agus 2 PO eile inár gCeanncheathrú sealadach sa Roinn Iompair, Baile Átha Cliath 2, a bhí folamh cé is moite d'oifig an Aire Eamon Ryan agus an corrGharda Cósta a d'fheictí sna dorchlaí.

Is í feidhm oifig an Aire seirbhís riaracháin agus thacúil a sholáthar don Aire ina Roinn agus ina oifig Dháilcheantar. I measc dhualgais an phoist seo tá deimhin a dhéanamh de go bpróiseáiltear R-chomhfhreagras, R-Aighneachtaí, Saoráil Faisnéise, LQanna agus ábhar cainte & treoir eolais go tráthúil. Baineann sé freisin le Páipéir Chomh-aireachta an Rialtais a ullmhú agus tacú le hoibleagáidí Dála parlaiminte an Aire.

Tréimhse dhian ab ea í, agus bheadh sé mí-ionraic a rá nach raibh sé dúshlánach, go háirithe le Covid-19 agus an síorathrú a bhí ann ó thaobh na srianta maidir le sóisialú, laethanta saoire, bearrthaí gruaige agus na rudaí beaga eile a thugann faoiseamh dúinn ón obair. É sin ráite, rinne an rannóg obair éachtach le linn na tréimhse seo freisin. I measc na mbuaicphointí bhí:

Ní raibh an córas E-Corr i bhfeidhm ag an am agus b'éigean gach comhfhreagras chuig an Aire a logáil ar Excel mar sin agus é a aistriú trí ríomhphost. Bhí obair mhór i gceist le E-Corr a chur ar bun sna chéad mhíonna tar éis bhunú na Roinne.

Thosaigh camchuairt fhíorúil an Aire ar Ógtheagmháil agus ar ionaid oiliúna óige timpeall na tíre le cuairt ar Ionad BOO Dhún na nGall i mí an Mhárta 2021. Ba mhór an t-uchtach a thug an chamchuairt don fhoireann agus d'fhoghlaimeoirí agus ó shin thug an tAire cuairt go pearsanta ar roinnt ionad Ógtheagmhála ar fud na tíre.

Ar an Aoine 27 Meán Fómhair 2021 chuireamar ár dtrealamh uile i gceann a chéile (na crainn Nollag fiú) agus thángamar anonn go dtí 52 Faiche Stiabhna.

Ba mhór an sásamh dom páirt a ghlacadh san fhoireann dialainne agus tacú le hobair uaillmhianach an Aire ar son a Roinne agus na mac léinn is na páirtithe leasmhara atá faoina cúram.

-***Foireann Oifige an Aire***

Rinneamar éascaíocht ar fhoireann nua a ionduchtú go tapa agus go forleathan agus leanamar ar aghaidh ó thaobh na struchtúir atá riachtanach d’fhás na Roinne a sholáthar, lena n-áirítear trí fheidhm nua Foghlama agus Forbartha a chur ar bun.

DAOINE A EARCAÍODH LE DÉANAÍ DE RÉIR GRÁID











Oibriú Trasrialtais

Maidir leis na haidhmeanna agus spriocanna 2030 a leag na Náisiúin Aontaithe amach sna Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna), is príomhaidhm sa Chlár Rialtais iad agus tá misean agus straitéis na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta ag teacht agus ag tacú leis an rún seo. Ghlac an Roinn páirt ghníomhach i ngrúpa oibre Idir-rannach na SFInna, faoi stiúir na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, agus ag cur ar an gcaoi seo le forbairt an Dara Plean Forfheidhmithe Náisiúnta i rith na bliana, chomh maith le tacú le hobair Bhord Rialachas Sonraí na SFInna faoi stiúir na Príomh-Oifige Staidrimh.

Dualgas na hEarnála Poiblí

Faoin Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, tá dualgas reachtúil ar gach comhlacht poiblí aird a thabhairt ar chearta an duine agus ar shaincheisteanna comhionannais le linn dóibh a gcuid feidhmeanna a chur i gcrích. Tugann spriocanna a trí agus a cúig de straitéis na Roinne aghaidh ar ár n-oibleagáidí dlíthiúla ina leith seo. Tugann an tuairisciú sa doiciméad seo forléargas ar fhorbairtí agus ar éachtaí na Roinne maidir le aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo.

D'éirigh le **hAonad Airgeadais na Roinne** méadú ar bhunchistiú a shocrú trí idirbheartaíocht de 8% (€204 milliún) do Vóta 45 agus 2% (€11 milliún) don Chiste Náisiúnta Oiliúna. D'éascaigh an t-ardú seo cumas na Roinne tacú le mic léinn, aghaidh a thabhairt ar riachtanais scileanna ríthábhachtacha i gcúrsaí digiteacha agus aeráide agus chuir sé le hinniúlachtaí na Roinne agus na Gníomhaireachta chomh maith leis an mbrú a mhaolú ar mhaoiniú pinsean.


Meastacháin DFHERIS le haghaidh 2021,
Meastacháin Fhorlíontacha san áireamh
Lena n-áirítear: Caiteachas reatha COVID-19
Vóta DFHERIS €125m
An Ciste Náisiúnta Oiliúna €113m
Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI) €407m
Deontais an Údaráis Ardoideachais (ÚAO) €346m
Pá agus Pinsin €1,452m
Cláir Margaidh Saothair an ÚAO de chuid an Chiste Náisiúnta Oiliúna €306m
Deontais & caiteachas ginearálta SOLAS €292m
Reatha €3.2bn
Cláir Margaidh Saothair SOLAS de chuid an Chiste Náisiúnta Oiliúna €267m
Ciste Náisiúnta Oiliúna Eile lena n-áirítear Skillsnet €59m
Caiteachas reatha eile €6m
Cur i bhFeidhm Seirbhísí Comhroinnte Ardoideachais €18m
Caidrimh AE, Idirnáisiúnta, Thuaidh-Theas i leith an ardoideachais €9m
Caiteachas Ginearálta Fhondúireacht Eolaíochta Éireann €7m
Ollchaiteachas (lena n-áirítear an Ciste Náisiúnta Oiliúna) €3.7bn
Deontais taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann €189m
Infreastruchtúr Tríú leibhéal €106m
Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí €85m
Caipitiúil €517m
Gníomhaíochtaí Taighde san Ardoideachas €50m
Eile €0.5m
SOLAS €33m
Suibscríbhinní Idirnáisiúnta €4m
Gníomhaíochtaí Taighde Tríú leibhéal €25m
Institiúid Tyndall €7m
Cur i bhFeidhm Seirbhísí Comhroinnte Ardoideachais €17m
Leithreasaí i gCabhair (LIC)
€126m
Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Pinsin €72m
Fáltais Chiste Sóisialta na hEorpa €43m
LIC Eile €11m
An Ciste Náisiúnta Oiliúna
Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht
Ardoideachas
Forbairt Scileanna
Meascán Scileanna, Breisoideachas agus Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht
Tabhair faoi deara:
- Níl na bolgáin de réir scála dhírigh, ach is éard atá i gceist leo ná neas-chomhréireacha a léiriú.
→Cruthaítear na buiséid amhail ar fhoilsiú Mheastacháin Fhorlíontacha 2021
→Áirítear leis caipiteal anonn €16.7m in Infreastruchtúr Tríú leibhéal (€8m) agus Comhpháirtíochtaí Poiblí (€8.7m)
An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta | Department Further and Higher Education, Research, Innovation and Science
1

Iarscríbhinn A : Comhlachtaí Neamhthráchtála atá faoi choimirce na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

1. An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna (SOLAS)
2. Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin
3. An tÚdarás Ardoideachais (ÚAO)
4. An Chomhairle um Thaighde in Éirinn
5. Léargas
6. Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI)
7. Fondúireacht Eolaíochta Éireann
8. Skillnet Ireland CLG

Iarscríbhinn B : Cothromaíocht Inscne ar Bhoird Stáit

Ainm an Bhoird	Áiteanna ar an mBord san Iomlán	Fir	Mná	Iomlán	Mná mar % den Iomlán
An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna (SOLAS)	13	5	6	11 (2 fholúntas)	55%
Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin	15	9	6	15	40%
An tÚdarás Ardoideachais (ÚAO)	15	7	8	15	53%
An Chomhairle um Thaighde in Éirinn	12	6	4	10 (2 fholúntas)	40%
Léargas	9	2	5	7 (2 fholúntas)	71%
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI)	10	3	7	10	70%
Fondúireacht Eolaíochta Éireann	12	6	4	10 (2 fholúntas)	40%
Skillnet Ireland CLG	13	7	6	13	46%

Iarscríbhinn C : Tuairisciú Faoi Sholáthar ar Bhealach atá Poiblí agus Neamhdhíobhálach don Timpeallacht

**Cuireann an Roinn Comhshaoil roinnt Earnálacha Tosaíochta thíos ar fáil don RBATNE ar bhonn seirbhísí comhroinnte.*

Bliain Thagartha 2021	***A. Líon iomlán na gconarthaí eisithe os cionn €25,000 de réir earnála tosaíochta***	***B. Luach iomlán na gconarthaí eisithe os cionn €25,000 de réir earnála tosaíochta***	***C. Líon iomlán na gconarthaí eisithe os cionn €25,000 de réir earnála tosaíochta a bhfuil GPP corpraithe acu***	***D. Luach iomlán na gconarthaí a eisíodh os cionn €25,000 de réir earnála tosaíochta a bhfuil GPP corpraithe acu***
Earnáil Tosaíochta				
Táirgí a Bhaineann le Fuinneamh				
Seirbhísí Bia & Lónadóireachta				
Trealamh Téimh				
Táirgí & Seirbhísí TFC				
Seirbhísí Glantacháin Laistigh				
Soilsiú Laistigh & Lasmuigh				
Dearadh, Tógáil & Bainistiú Fhoirgneamh na hOifige				
Táirgí Páipéir & Seirbhísí Priontála				
Táirgí & Seirbhísí Teicstíleacha				
Iompar				

Eile Athbhreithniú/Comhairliúchán	4	€465,128	1	€127,150
Méideanna Iomlána	4	€465,128	1	€127,150